# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 290

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

**Imleabhar 66**

**18 Lúnasa 2023**


Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**


2023/C 290/01 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ‘Sábháil cosmaidí neamhchruálacha – Tabhair gealltanas go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe’ ..... 1

2023/C 290/02 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11144 — COLT TECHNOLOGY SERVICES GROUP / LUMEN EMEA BUSINESS) ([1]) ..... 16


III *Gníomhartha ullmhúcháin*

AN BANC CEANNAIS EORPACH


2023/C 290/03 Tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Iúil 2023 maidir le togra le haghaidh athchóiriú ar an rialachas eacnamaíoch san Aontas (CON/2023/20) ..... 17


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**


2023/C 290/04 Rátaí malairte an euro — 17 Lúnasa 2023 ..... 26


FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT


2023/C 290/05 Nuashonrú ar an liosta de na pointí trasnaithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 2(8) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) ..... 27


GA

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

V *Fógairtí*

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**


2023/C 290/06 Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ..... 45

2023/C 290/07 Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ..... 57

2023/C 290/08 Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ..... 60

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

**maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Sábháil cosmaidí neamhchruálacha – Tabhair gealltanas go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe'**

(2023/C 290/01)

### 1. RÉAMHRÁ: AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

Is féidir le saoránaigh an Aontais a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach togra le haghaidh reachtaíochta a chur isteach maidir le hábhar a measann siad a bhfuil gá le gníomhaíocht dlí ina leith chun conarthaí an Aontais a chosaint. Chun é sin a dhéanamh, ní mór dóibh tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chur isteach faoi Airteagal 11(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus ceanglaítear leis sin síniú milliún náisiúnach ar a laghad a bhailiú ó líon mór Ballstát den Aontas. I Rialachán (AE) 2019/788 ([1]), a bhfuil feidhm aige ón 1 Eanáir 2020, leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

Is é 'Sábháil cosmaidí neamhchruálacha – Tabhair gealltanas go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe' an naoú tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([2]) a bhain na tairseacha amach a cheanglaítear leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Ina theannta sin, is é an tionscnamh sin an cúigiú tionscnamh rathúil maidir le leas ainmhithe nó leis an gcomhshaol. Leis an tionscnamh, iarrtar ar an gCoimisiún beart a dhéanamh maidir le hainmhithe a úsáid chun críoch eolaíoch, mar a leagtar amach thíos.

1) An toirmeasc ar chosmaidí a thástáil ar ainmhithe a chosaint agus a neartú. Athrú reachtach a thionscnamh chun cosaint tomhaltóirí, oibrithe agus an chomhshaoil a bhaint amach maidir le gach comhábhar cosmaideach gan tástáil a dhéanamh ar ainmhithe, chun críche ar bith, ag tráth ar bith.

2) Rialáil ceimiceán an Aontais a chlaochlú. A chinntiú go gcosnaítear sláinte an duine agus an comhshaol trí cheimiceáin a bhainistiú gan ceanglais nua maidir le tástáil ar ainmhithe a thabhairt isteach.

3) Cúrsaí eolaíochta san Aontas Eorpach a nuachóiriú. Gealltanas a thabhairt maidir le togra reachtach lena ndéanfar treochlár a phleanáil chun deireadh a chur de réir a chéile le gach cineál tástála ar ainmhithe san Aontas roimh dheireadh an téarma reachtaigh atá ann faoi láthair.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (IO L 130, 17.5.2019, lgh. 55).

([2]) https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2021/000006_en

Tar éis iarraidh an lucht eagraithe an 21 Bealtaine 2021, chláraigh an Coimisiún an tionscnamh ([3]) an 30 Meitheamh 2021. An 25 Eanáir 2023, tar éis dóibh na ráitis tacaíochta a rinne údaráis na mBallstát a fhíorú, chuir an lucht eagraithe an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin ([4]). Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an tionscnamh ar bhonn an Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

Rinne an lucht eagraithe cur síos mionsonraithe ar chuspóirí an tionscnaimh i gcruinniú leis an gCoimisiún an 17 Márta 2023 ([5]) agus ag an éisteacht phoiblí a d'eagraigh Parlaimint na hEorpa an 25 Bealtaine 2023 ([6]). Thairis sin, an 10 Iúil 2023, thionóil an Pharlaimint díospóireacht iomlánach maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo conclúidí dlíthiúla agus polaitiúla an Choimisiúin maidir leis an tionscnamh agus aon ghníomhaíocht atá beartaithe aige a dhéanamh mar fhreagairt ar an tionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 15(2) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

## 2. **COMHTHÉACS**

Aithnítear in Airteagal 13 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh gur gá ainmhithe a chosaint mar neacha mothaitheacha. Cuireann sé de cheanglas ar an Aontas agus ar na Ballstáit lánaird a thabhairt ar na ceanglais maidir le leas ainmhithe le linn do bheartais an Aontais i ndáil le talmhaíocht, iascach, iompar, an margadh aonair, taighde agus forbairt theicneolaíoch, agus an spás a bheith á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu.

Aithnítear ar fud an domhain go bhfuil creat reachtach agus beartais an Aontais ar thús cadhnaíochta sna réimsí a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid ainmhithe agus leas ainmhithe a chur chun cinn. Áirítear leis na héachtaí tábhachtacha a baineadh amach leis an mbeartas sin an toirmeasc iomlán a ar thástáil ar ainmhithe le haghaidh cosmaidí san Aontas a tugadh isteach in 2013 ([7]) agus an cistiú de bhreis agus EUR 1 bhilliún a cuireadh ar fáil do thionscnaimh taighde agus nuálaíochta ina n-úsáidtear modhanna neamhainmhithe san Aontas trí chéile le 20 bliain anuas.

Is mórcheist thrasearnálach é úsáid na n-ainmhithe san eolaíocht. D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, úsáidtear líon mór ainmhithe le haghaidh tástáil san Eoraip fós. Úsáidtear ainmhithe chun críoch éagsúil sa taighde agus sa mheasúnú ar shábháilteacht ceimiceán agus cógas i gcás nach bhfuil aon roghanna malartacha ar fáil chun ardleibhéal cosanta a sholáthar do shláinte an duine agus don chomhshaol (lena n-áirítear sláinte ainmhithe).

In 2020 úsáideadh 7,9 milliún ainmhí san iomlán le haghaidh tástála chun críoch taighde, oiliúna agus oideachais, nó chun críoch rialála san Aontas (cé is moite den Ríocht Aontaithe) agus san Iorua ([8]). Tá an líon ainmhithe sin 7,5 % níos ísle ná mar a bhí in 2019 (8,5 milliún) agus 11,4 % níos ísle ná mar a bhí in 2018 (8,8 milliún) ([9]). Ba iad lucha (49 %) agus éisc (27 %) na speicis is mó a úsáideadh. Dála na blianta roimhe seo, ba é an taighde an príomhchuspóir le húsáid ainmhithe (72 %), is é sin, 41 % den úsáid ar fad le haghaidh taighde bunúsach agus 31 % le haghaidh taighde aistritheach agus feidhmeach. Bhain 17 % den úsáid iomlán ainmhithe le comhlíonadh na gceanglas rialála, mar a shonraítear thíos, agus bhain 5 % le húsáid ainmhithe le haghaidh gnáththáirgthe, lena n-áirítear antasubstaintí nó táirgí bunaithe ar fhuil a tháirgeadh. I measc na húsáide ainmhithe chun na ceanglais rialála a chomhlíonadh (1,4 milliún teagmhas san iomlán), rinneadh 54 % di le haghaidh táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, 22,8 % le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta, 8,7 % le haghaidh ceimiceáin thionsclaíocha (baineann sé sin le reachtaíocht ceimiceán, mar shampla, Rialachán REACH ([10])), 2,8 % le haghaidh táirgí beatha agus bia, 4,8 % le haghaidh táirgí cosanta plandaí, 3,6 % le haghaidh feistí leighis, 0,3 % le haghaidh bithicídí agus 3.0 % chun críoch eile.

---

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1136 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021 maidir le clárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'Sábháil cosmaidí neamhchruálacha – Tabhair geallltanas go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe', de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

([4]) San iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh ó na saoránaigh, 'Sábháil cosmaidí neamhchruálacha – Tabhair geallltanas go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe', cuirtear tuilleadh sonraí nós imeachta ar fáil faoin tionscnamh, lena n-áirítear na tairseacha a cheanglaítear agus líon na ráiteas tacaíochta.

([5]) An cruinniú a bhí ag lucht eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh, 'Sábháil cosmaidí neamhchruálacha', leis an gCoimisiún Eorpach (europa.eu); https://audiovisual.ec.europa.eu/en/reportage/P-060517

([6]) Éisteacht an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh, 'Sábháil cosmaidí neamhchruálacha – Tabhair geallltanas go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe'; https://www.europarl.europa.eu/committees/en/eci-hearing-save-cruelty-free-cosmetics-/product-details/20230524ECI00141

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an toirmeasc ar thástáil ar ainmhithe agus ar mhargaíocht agus maidir le staid na himeartha i ndáil le modhanna malartacha i réimse na gcosmaidí (COM/2013/0135 final)

([8]) https://webgate.ec.europa.eu/envdataportal/content/alures/section1_number-of-animals.html

([9]) Gníomhaíochtaí laghdaithe mar gheall ar dhianghlasáil agus tionscadail a cuireadh ar ceal nó ar athló mar thoradh ar phaindéim COVID-19, bhí an méid sin ina chúis freisin leis an laghdú in 2020, go pointe áirithe.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lgh. 1).

### 2.1. Gníomhartha reachtacha atá ábhartha maidir le tástáil ar ainmhithe

Maidir le corpas dlí an Aontais a dhéanann difear do thástáil ar ainmhithe, tá sé sách leathan agus, i bprionsabal, d'fhéadfaí é a roinnt ina thrí chatagóir. Sa chéad chatagóir, tá Treoir 2010/63/AE maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch ([11]), lena leagtar síos spriocanna agus rialacha ginearálta maidir le leas ainmhithe a úsáidtear sa tástáil i gcás nach féidir úsáid ainmhithe a sheachaint. Is é atá sa dara catagóir gníomhartha cothrománacha lena ndírítear ar cheimiceáin, amhail Rialachán REACH, ina bhfuil rialacha trasearnála. Is é atá sa tríú catagóir gníomhartha dlí earnála iomadúla ina leagtar amach rialacha maidir le measúnú a dhéanamh ar cheimiceáin a úsáidtear in earnálacha nó i dtáirgí sonracha. Tá ceanglais sonraí nó forálacha i Rialachán REACH agus i ngníomhartha dlí earnáilsonracha an Aontais araon, a ndéantar tástáil ar ainmhithe mar thoradh orthu chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag táirgí agus substaintí ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó ar an gcomhshaol.

#### 2.1.1. *Reachtaíocht chun ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch a chosaint*

Leagtar síos sa Treoir maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch an sprioc dheiridh, is é sin, deireadh a chur de réir a chéile le gach úsáid ainmhithe le haghaidh taighde agus chun críoch rialála san Aontas. Bunchloch eile den Treoir is ea an gá atá le prionsabal 'na dTrí R' a chomhlíonadh:

— modhanna nach mbaineann úsáid ainmhithe beo leo a chur in ionad staidéir a bhraitheann ar ainmhithe

— laghdú: modhanna tástála nó cuir chuige mheasúnaithe a oiriúnú sa chaoi go laghdófar líon na n-ainmhithe a bhfuil gá leo chun toradh a bhaint amach a bheidh fónta ó thaobh na heolaíochta de

— mionchoigeartú a dhéanamh ar mhodhanna a chuideoidh le pian, fulaingt agus anacair na n-ainmhithe a úsáidtear a íoslaghdú nó a leas a mhéadú.

**Leagtar síos sa Treoir freisin dualgais shonracha Shaotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um roghanna malartacha ar thástáil ar ainmhithe (EURL ECVAM)** ([12])**, ar dlúthchuid í d'Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin. Cuireann an tsaotharlann réimse gníomhaíochtaí i gcrích lena gcuirtear úsáid modhanna neamhainmhithe chun cinn sa reachtaíocht, san eolaíocht bhithleighis agus san oideachas. Leis an Treoir, cuirtear de chúram ar EURL ECVAM, i measc nithe eile, cuir chuige mhalartacha a fhorbairt, páirt a ghlacadh i mbailíochtú agus i mbunú bunachar sonraí agus córas faisnéise, agus an méid sin a chomhordú. Leis an Treoir, cuirtear de cheanglas ar na Ballstáit sonraí staidrimh** ([13]) **a sholáthar go rialta maidir le húsáid ainmhithe chun críoch eolaíoch. Cuirtear ceangal ar an gCoimisiún leis an Treoir freisin bunachair sonraí thiomnaithe a chur ar bun, a bheidh ar fáil go poiblí** ([14]).

#### 2.1.2. *Dlí cothrománach an Aontais maidir le ceimiceáin*

Is gníomh dlí cothrománach maidir le ceimiceáin é Rialachán REACH, lena gceanglaítear faisnéis a sholáthar maidir le ceimiceáin chun a monarú, a n-allmhairiú agus a n-úsáid go sábháilte a áirithiú. Sonraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán REACH modhanna chun faisnéis ghuaise a ghiniúint, ar modhanna go leor díobh lena mbaineann tástáil ar ainmhithe fós. Mar sin féin, ní cheadaítear do chláraithe tástáil ar ainmhithe a úsáid ach amháin mar rogha dheireanach. Ba cheart modhanna malartacha a chur in ionad tástálacha ar ainmhithe veirteabracha aon uair is féidir. Liostaítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán REACH modhanna malartacha chun an córas tástála caighdeánach a oiriúnú agus cuireann an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) treoraíocht chuimsitheach ar fáil ([15]).

Ina theannta sin, tá rialacha sonracha i Rialachán REACH maidir le comhroinnt sonraí chun tástálacha nach bhfuil gá leo a sheachaint. Ar deireadh, foráiltear le Rialachán REACH maidir le réamhbhailíochtú tograí tástála, rud a áirithíonn nach n-úsáidtear tástáil ar ainmhithe ach mar rogha dheiridh agus nach ndéanfar í ach amháin i gcás inar gá.

Áirithítear úsáid na modhanna malartacha atá ar fáil faoi Rialachán REACH trína liostú sa Rialachán maidir le Modhanna Tástála ([16])", i measc nithe eile. Mar thoradh ar an athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an Rialachán sin, cuirfear dlús le glacadh modhanna tástála a luaithe a ghlacfaidh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) iad, ós rud é go ndéantar tagairt dhíreach ann anois do mhodhanna ECFE seachas tuairisc a thabhairt orthu sa rialachán féin.

([11]) Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 33).
([12]) Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um roghanna malartacha ar thástáil ar ainmhithe (EURL ECVAM) (europa.eu) https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eu-reference-laboratory-alternatives-animal-testing-eurl-ecvam_en
([13]) Féach an tuarascáil staidrimh is déanaí https://ec.europa.eu/environment/chemicals/lab_animals/reports_en.htm
([14]) Bunachar sonraí staidrimh poiblí https://webgate.ec.europa.eu/envdataportal/content/alures/section1_number-of-animals.html
([15]) Tá liosta de na treoirdhoiciméid maidir le REACH ar fáil ar shuíomh gréasáin ECHA: https://echa.europa.eu/guidance-documents/guidance-on-reach
([16]) Rialachán (CE) Uimh. 440/2008 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2008 lena leagtar síos modhanna tástála de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) (IO L 142, 31.5.2008, lch. 1).

Tabhair faoi deara freisin go bhféadfadh an t-athbhreithniú spriocdhírithe ar Rialachán REACH atá beartaithe a bheith ina dheis chun tuilleadh faisnéise guaise a chur san áireamh, e.g. maidir le suaitheadh inchríneach i gcás gach substainte agus tuilleadh faisnéise faoi shubstaintí a chláraítear sa raon tonnáiste is ísle. An sásra beacht maidir le cur i bhfeidhm a bheidh ann faoi Rialachán athbhreithnithe REACH, tá sé sin fós á phlé.

2.1.3. *Reachtaíocht earnála*

**An Rialachán maidir le Cosmaidí**

Is é an Rialachán maidir le Cosmaidí[13] an gníomh dlí de chuid an Aontais is mó atá chun tosaigh a mhéid a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe, ós rud é go gcuireann sé toirmeasc ar tháirgí cosmaideacha a chur ar an margadh, ar táirgí iad a tástáladh ar ainmhithe chun ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh. An toirmeasc atá ar thástáil ar ainmhithe faoin Rialachán maidir le Cosmaidí, pléitear go mion é i roinn 3.1.

**An Rialachán maidir le Táirgí Cosanta Plandaí agus Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha**

Foráiltear leis an Rialachán maidir le Táirgí Cosanta Plandaí ([17]) agus le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha ([18]) nach mór tástáil ar ainmhithe nach bhfuil gá léi a sheachaint. Leagtar amach sa dá Rialachán na ceanglais maidir le sonraí a chur isteach in iarratais ar fhormheas substaintí faoi na rialacháin sin. Agus staidéir á ndearadh, ní mór prionsabal 'na dTrí R' a chur san áireamh go hiomlán, go háirithe nuair a bheidh fáil ar mhodhanna bailíochtaithe iomchuí. Ní mór d'iarratasóirí sonraí a chomhroinnt chun staidéir veirteabracha agus dúbláil a sheachaint. Go sonrach, tá sásra éigeantach um chomhroinnt sonraí curtha ar bun le haghaidh staidéir ar shubstaintí gníomhacha bithicídeacha agus ar tháirgí bithicídeacha a bhfuil baint acu le veirteabraigh: sula dtugtar faoi staidéir, is gá iarraidh a sheoladh chuig ECHA roimh ré lena sheiceáil cé acu a cuireadh nó nár cuireadh staidéir den chineál sin isteach faoi Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha. Leasaíodh na ceanglais faisnéise a leagtar síos in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha in 2021 ([19]) chun aghaidh a thabhairt ar straitéisí tástála nua lena mbeadh tosaíocht ag modhanna *in vitro* ar thástáil *in vivo*.

**I gcás táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine**

Is iad Treoir 2001/83/CE ([20]) agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ([21]) an creat dlíthiúil ginearálta maidir le cógais don duine. Cuirtear san áireamh go hiomlán ann prionsabal 'na dTrí R' mar a tugadh isteach le Treoir 2010/63/AE. Glacfaidh na húdaráis rialála san Aontas leis na modheolaíochtaí bailíochtaithe uile a thacaíonn leis an bprionsabal sin. Féadfaidh na húdaráis fhreagracha (i.e. an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta) cuir chuige tástála mhalartacha a ghlacadh nach ndearnadh measúnú orthu, agus an méid sin a dhéanamh de réir próiseas bailíochtaithe foirmiúil ar bhonn cás ar chás agus tar éis meastóireacht ar na sonraí a sheol an t-iarratasóir isteach.

Ina theannta sin, maidir le hiarratais ghiorraithe ar údarú margaíochta (e.g. le haghaidh táirgí cineálacha agus bithchosúla) agus iarratais ar thoiliú feasach, féadfaidh siad brath ar na staidéir réamhchliniciúla agus chliniciúla a rinneadh chun údarú margaíochta a fháil maidir le táirge íocshláinte tagartha. I gcásanna mar sin, tagraíonn an t-iarratasóir do na sonraí a chuir an tionscnóir isteach (ní dhéantar tástálacha faoi dhó).

Rinneadh athbhreithniú le déanaí ar an reachtaíocht chógaisíochta ghinearálta thuasluaite de chuid an Aontais maidir le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus ghlac an Coimisiún togra dlíthiúil nua ([22]) an 26 Aibreán 2023. Is is aidhm do roinnt athruithe atá beartaithe prionsabal 'na dTrí R' a neartú le linn saolré táirge íocshláinte. Ina theannta sin, leis an togra reachtach, neartaítear na rialacha atá ann faoi láthair trí oibleagáidí a chur leo le haghaidh iarratasóirí ar údarú

([17]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

([18]) Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lgh. 1).

([19]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/525 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 106, 26.3.2021, lgh. 3).

([20]) Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

([21]) Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

([22]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Aontais maidir le húdarú agus maoirsiú táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach. COM/2023/193

margaíochta nó sealbhóirí údaruithe margaíochta agus trí chuir chuige tástála mhalartacha a éascú. Leis na rialacha nua, spreagfar tuilleadh comhair freisin idir gníomhaireachtaí an Aontais agus na húdaráis inniúla náisiúnta i dtaca le substaintí a mheasúnú, comhroinnt sonraí a éascú agus staidéir neamhchliniciúla chomhpháirteacha a dhéanamh chun a áirithiú nach ndéanfar tástálacha ina n-úsáidtear ainmhithe beo a dhúbláil nuair nach bhfuil gá leis. Is é is aidhm don togra freisin a chinntiú go seasfaidh an reachtaíocht an aimsir sa chaoi go mbeifear in ann modhanna tástála malartacha a úsáid.

**Táirgí íocshláinte tréidliachta**

Le Rialachán (AE) 2019/6 ([23]), rinneadh athbhreithniú ar chreat dlíthiúil an Aontais maidir le cógais tréidliachta. Cuireann sé de cheanglas ar iarratasóirí ar údarú le haghaidh aon táirge íocshláinte tréidliachta a laghad ainmhithe is féidir a úsáid sna tástálacha rialaithe a dhéantar le linn an phróisis monaraíochta a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta, táirgí imdhíoneolaíocha agus neamh-imdhíoneolaíocha araon, agus sna tástálacha rialaithe a dhéantar ar tháirgí íocshláinte tréidliachta imdhíoneolaíocha atá críochnaithe. Ní mór tástáil mhalartach *in vitro* a úsáid i gcás inarb é an toradh air sin fulaingt ainmhithe a mhaolú, úsáid ainmhithe a laghdú nó modh eile a úsáid in ionad ainmhithe chun tástáil a dhéanamh. Maidir le cógais don duine, féadfaidh roinnt iarratasóirí ar údarú margaíochta (e.g. le haghaidh táirgí cineálacha) brath ar na staidéir ar ainmhithe a rinneadh don táirge íocshláinte tréidliachta tagartha. Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/6 freisin go bhféadfaí rochtain ar shonraí a thabhairt d'iarratasóirí ionchasacha eile trí litir rochtana (e.g. le haghaidh iarratais atá bunaithe ar thoiliú feasach) chun tástáil ar ainmhithe nach bhfuil gá léi a sheachaint.

Trialacha cliniciúla le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta, tá siad díolmhaithe ó raon feidhme Threoir 2010/63/AE maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch, ós rud é go bhforáiltear maidir le bearta iomchuí um leas ainmhithe cheana féin sa reachtaíocht a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta: le trialacha cliniciúla, ba cheart prionsabal 'na dTrí R' a chur san áireamh, modhanna tástála malartacha a úsáid i gcás inar féidir agus treoirlínte an Chomhair Idirnáisiúnta um Chomhchuibhiú Ceanglas Teicniúil do Chlárú Táirgí Íocshláinte Tréidliachta a chur san áireamh ([24]).

**Feistí leighis**

Rinneadh athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil maidir le feistí leighis in 2017 nuair a glacadh an Rialachán maidir le feistí leighis ([25]) agus an Rialachán maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* ([26]). I roinnt bheag cásanna, féadfar tástálacha ar ainmhithe a dhéanamh le haghaidh staidéir réamhchliniciúla. Ní mór na tástálacha sin a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2010/63/AE.

## 2.2. **Comhthéacs atá ann faoi láthair maidir le beartas an Aontais**

An 14 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún a Theachtaireacht maidir le *Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht — I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí* faoin gComhaontú Glas don Eoraip ([27]). Tá dhá sprioc ag an Straitéis sin: cosaint shláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil a fheabhsú agus borradh a chur faoin nuálaíocht le haghaidh ceimiceáin shábháilte inbhuanaithe. Fógraítear athbhreithniú sa Straitéis ar chreat reachtaíochta ceimiceán an Aontais agus athdhearbhaítear ann an sprioc dheiridh atá ag an Aontas, is é sin, deireadh a chur le tástáil ar ainmhithe go hiomlán agus modhanna eile a chur ina hionad, agus gealltanas a dhéanamh maidir le taighde ildisciplíneach agus nuálaíochtaí digiteacha a chothú le haghaidh uirlisí, modhanna agus samhlacha ar thús cadhnaíochta, mar aon le hacmhainneachtaí anailíse sonraí.

Liostaítear 85 phointe gníomhaíochta sa straitéis, a dtacaíonn an-chuid díobh le tástáil ar ainmhithe a laghdú nó deireadh a chur léi de réir a chéile. Mar shampla, leis an togra le haghaidh rialachán maidir le sonraí ceimiceán ([28]) faoin scáth 'aon substaint amháin, aon mheasúnú amháin', thabharfaí an fhaisnéis atá ar fáil faoi cheimiceáin le chéile ar aon ardán amháin. D'fhéadfadh sé sin cabhrú leis na húdaráis ceimiceáin a ghrúpáil le haghaidh bainistiú riosca nó tacú le 'léamh trasna', rud a laghdódh an gá le sonraí ó ainmhithe. Sampla eile is ea an Moladh ón gCoimisiún lena mbunaítear creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair 'shábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh' ([29]), lena gcuirtear úsáid modheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua chun cinn le haghaidh measúnú ar shábháilteacht ceimiceán, agus na modhanna sin á gcomhtháthú i ndearadh agus i bhforbairt ceimiceán a luaithe is féidir.

([23]) Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

([24]) https://vichsec.org/en/home.html

([25]) Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis (IO L 117, 5.5.2017, lgh. 1).EUR-Lex - 52020DC0381 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

([26]) Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún

([27]) COM/2019/640. https://commission.europa.eu/document/daef3e5c-a456-4fbb-a067-8f1cbe8d9c78_en

([28]) Sábháilteacht ceimiceán – rochtain níos fearr ar shonraí ceimiceán i gcomhair measúnuithe ar shábháilteacht (europa.eu)

([29]) Moladh (AE) 2022/2510 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 lena mbunaítear creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair atá 'sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh'

I mí Mheán Fómhair 2021, ghlac an Pharlaimint rún ([30]) inar iarradh dlús a chur leis an aistriú chuig nuálaíocht gan úsáid ainmhithe sa taighde, sa tástáil rialála agus san oideachas. Thug an Coimisiún freagra ar na bearta réitigh trí achoimre a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a dhéanann sé chun tástáil ar ainmhithe a laghdú[30].

## 2.3. Taighde an Aontais maidir le cuir chuige mhalartacha, oideachas agus oiliúint

Le fiche bliain anuas, tá breis agus EUR 1 bhilliún infheistithe ag an gCoimisiún i mbreis agus 300 tionscadal taighde a bhaineann le modhanna malartacha in ionad tástáil ar ainmhithe. I gcás go leor de na tionscadail sin, gineadh uirlisí agus modhanna nua a úsáidtear chun críoch rialála, chun sábháilteacht ceimiceán a thuar, chun galair a thuiscint, nó chun éifeachtacht cóireálacha nua a mheas.

Le Cláir Réime an Aontais Eorpaigh um Thaighde agus Nuálaíocht, Fís 2020 agus Fís Eorpach, cistítear tionscadail taighde uaillmhianacha maidir le roghanna malartacha in ionad tástáil ar ainmhithe. Dhá shampla thábhachtacha is ea braisle ASPIS maidir le measúnú saor ó ainmhithe ar shábháilteacht ceimiceán, a bhfuil buiséad EUR 60 milliún aige ó Fís 2020 ([31]) , agus comhpháirtíocht PARC, a bhfuil buiséad iomlán EUR 400 milliún aici, a dtagann EUR 200 milliún de ó Fís Eorpach ([32]), ([33]). Soláthraíonn ASPIS modheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua chun cruinneas, luas agus inacmhainneacht na tástála sábháilteachta ceimiceán a fheabhsú gan ainmhithe saotharlainne a úsáid. Tá creat á fhorbairt aige faoi láthair ar a dtugtar Algartam ASPIS um Próifíliú Sábháilteachta, atá bunaithe ar chur chuige céimnithe i leith Measúnaithe Riosca den Chéad Ghlúin Eile sa mheasúnú sábháilteachta ar éifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte a bhaineann le nochtadh ceimiceach. Is é is aidhm do chomhpháirtíocht PARC tacú leis an aistriú i dtreo Measúnaithe Riosca den Chéad Ghlúin Eile agus i dtreo modheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua a ghlacadh agus a úsáid ar bhonn méadaithe. I bhfianaise an mhéid sin, is fónta an comhar atá curtha ar bun idir ASPIS agus PARC sa chomhthéacs seo. Tá PARC ag tacú freisin le bosca uirlisí a fhorbairt chun an creat 'sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh' a chur chun feidhme, lena gcuirtear uirlisí *in silico* chun cinn sa mheasúnú riosca.

Le clár oibre 2023–2024 de chuid Bhraisle 1 'Sláinte' in Fís Eorpach, comhlánófar na tionscnaimh thábhachtacha sin trí thionscadail taighde a chistiú maidir le roghanna malartacha in ionad tástála ar ainmhithe sna heolaíochtaí bithleighis i réimsí ina bhfuil teorainn le luach aistritheach na gcur chuige atá bunaithe ar ainmhithe, ina bhfuil an úsáid is airde ainmhithe, nó ina bhfuil an fhulaingt ainmhithe is tromchúisí (EUR 25 mhilliún; spriocdháta le haghaidh iarratas, an 19 Meán Fómhair 2023). Chun glacadh roghanna malartacha in ionad tástála ar ainmhithe a chothú, tá ábhar i gClár Oibre 2023–2024 de bhraisle 1 Fís Eorpach arb é is aidhm dó tacú le hoiliúint a chur ar rialtóirí agus an glacadh rialála a fheabhsú (spriocdháta tíolactha ábhair an 11 Aibreán 2024) ([34]).

Rinne Comhghnóthas an Tionscnaimh um Chógas Leighis Nuálach, a tháinig roimh Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach, infheistíocht freisin i roghanna malartacha in ionad modhanna ainmhithe. I measc nithe eile, leis na tionscadail sin, gineadh tástáil *in silico* chun tocsaineacht ceimiceán a thuar, agus chun forbairt drugaí a luasghéarú gan ainmhithe a úsáid. Leanfaidh Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach ([35]) d'infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt roghanna malartacha in ionad tástála ar ainmhithe agus de ghlacadh a chothú sa tionscal sláinte. Tá sé beartaithe topaic ábhartha a sheoladh roimh dheireadh 2023.

Tá feasacht, oideachas agus oiliúint fíor-riachtanach chun úsáid modhanna neamhainmhithe a chothú, mar a léiríonn an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh freisin. Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as oideachas agus oiliúint ar bhonn foirmiúil, tá EURL ECVAM páirteach in an-chuid gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna arb é is aidhm dóibh cur leis an bhfeasacht ar phrionsabal 'na dTrí R' ar leibhéil na meánscolaíochta, na hollscoile agus na luathoiliúna gairmiúla. Is é príomhghnó na gníomhaíochta sin straitéis chuí a chur in úsáid chun sraith chuimsitheach d'acmhainní teagaisc a chur ar fáil, agus sraith treoirdhoiciméad chun oideachasóirí agus institiúidí oideachais a chur ar an eolas faoi bhealaí éifeachtacha chun curaclaim agus cleachtais a bhaineann go sonrach le teagasc 'na dTrí R' a chruthú, a oiriúnú agus a chur chun feidhme. Ina theannta sin, le Scoil Samhraidh an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde maidir le cuir chuige neamhainmhithe san eolaíocht, a reáchtáiltear gach 2 bhliain, tugtar deis do mhic léinn foghlaim ó shaineolaithe i réimsí na dteicneolaíochtaí ceannródaíocha agus an tsamhaltaithe ríomhaireachtúil, eolas agus taithí a roinnt agus líonraí gairmiúla a fhorbairt. Ina theannta sin, thacaigh go leor tionscadal de chuid an Aontais, tionscadail a cistíodh faoi chláir éagsúla ([36]), le hoiliúint na gcéadta eolaí óg i modhanna neamhainmhithe. Mar shampla, tá acadamh eolaithe óga maidir le measúnú sábháilteachta ceimiceán atá saor ó ainmhithe á chur ar bun faoi láthair ag ASPIS. Le tacaíocht airgeadais ón

([30]) Comhad Nós Imeachta: 2021/2784(RSP) | Faireachlann Reachtach | Parlaimint na hEorpa (europa.eu)

([31]) Measúnú sábháilteachta saor ó ainmhithe ar cheimiceáin: Braisle tionscadal chun Straitéisí Nua a Chur Chun Feidhme. (aspis-cluster.eu)

([32]) Comhpháirtíocht um Measúnú ar Riosca ó Cheimiceáin | Parc (eu-parc.eu)

([33]) Marx-Stoelting, P., Rivière, G., Luijten, M. *et al. A walk in the PARC: developing and implementing 21st century chemical risk assessment in Europe. Arch Toxicol* **97**, 893–908 (2023). https://doi.org/10.1007/s00204-022-03435-7

([34]) Cinneadh C(2023) 2178 ón gCoimisiún Eorpach. Clár Oibre 2023–2024 Fís Eorpach. 4. Sláinte. An 31 Márta 2023

([35]) https://european-union.europa.eu/institutions-law-budget/institutions-and-bodies/search-all-eu-institutions-and-bodies/innovative-health-initiative-joint-undertaking-ihi-ju_en

([36]) E.g. faoi Dhúshlán Sochaíoch 1 de Fís 2020, Braisle Sláinte Fís Eorpach, an Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha agus an Chomhpháirtíocht Eorpach um Shláinte Nuálach, líonraí Marie Curie, etc

bParlaimint, d'fhorbair an Coimisiún sraith modúl ríomhfhoghlama maidir le gnéithe éagsúla de Threoir 2010/63/AE, lena n-áirítear ceann amháin faoin gcaoi le roghanna malartacha neamhainmhithe a chuardach agus ceann eile faoin gcaoi le modhanna malartacha a fhorbairt chun críoch rialála.

## 2.4. Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta

Geallann an Coimisiún comhchaighdeáin agus uirlisí nuálacha um measúnú riosca a fhorbairt go hidirnáisiúnta, (go háirithe in ECFE), agus a n-úsáid a chur chun cinn laistigh de chreataí idirnáisiúnta, ionas go n-imeofar níos faide ar shiúl ón tástáil ar ainmhithe, i measc nithe eile. Tá an Coimisiún ag tacú go gníomhach le treoirlínte teicniúla ECFE a fhorbairt, agus é ag díriú freisin ar ghlacadh frithpháirteach sonraí a áirithiú i measc thíortha ECFE agus tíortha ábhartha eile.

Thairis sin, tá an Coimisiún gníomhach maidir le cuimsiú modhanna malartacha a chur chun cinn, lena n-áirítear na modhanna *in vitro* sa Chóras Comhchuibhithe Domhanda um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú, rud a chabhróidh le cuir chuige idirnáisiúnta a ailíniú agus, ar an gcaoi sin, cothrom iomaíochta a chruthú.

## 2.5. Gníomhaireachtaí, coistí eolaíocha an Choimisiúin agus páirtithe leasmhara

Bíonn an Coimisiún ag brath ar líonra leathan grúpaí saineolaithe, coistí agus meithleacha machnaimh inmheánacha a chuireann neart saineolais ar fáil faoi mhodheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua, rud a éascóidh na modheolaíochtaí sin a ghlacadh. Tá d'ádh ar an gCoimisiún comhairle a bheith á fáil aige faoi eolaíocht cheannródaíoch ón Airmheán Comhpháirteach Taighde, lena n-áirítear EURL ECVAM. Déanann na gníomhaireachtaí agus coistí eolaíocha an Choimisiúin an t-eolas sin a neartú sna réimsí rialála éagsúla ([37]). Tá struchtúir eile ann, mar shampla, an Chomhpháirtíocht Eorpach um Chuir Chuige Eile maidir le Tástáil ar Ainmhithe.

Liostaítear i gclár oibre ECHA 2023–2026 go leor de na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an nGníomhaireacht i dtaca le modheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua, e.g.:

- acmhainneacht inmheánach a fhorbairt i ndáil le modheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua trí oiliúint a eagrú d'eolaithe ECHA agus dá choistí chun cur leis an leibhéal eolais faoi mhodheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua a bheidh in oiriúint do na riachtanais rialála;
- páirt níos doimhne a ghlacadh i dtionscadail eolaíochta lena dtugtar aghaidh ar phríomhghnéithe maidir le glacadh rialála ([38]);
- uirlisí ríomhaireachta a fhorbairt ar bhonn leanúnach lena soláthraítear faisnéis faoi airíonna guaise ([39]);
- tacair sonraí a chur ar fáil chun modheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua agus tionscadail chomhpháirteacha a fhorbairt le EFSA maidir le hidir-inoibritheacht sonraí agus comhtháthú uirlisí;
- comhar a mhéadú ar fud reachtaíochtaí agus dlínsí laistigh den Eoraip agus lasmuigh den Eoraip (Gníomhaireacht na Stát Aontaithe um Chaomhnú an Chomhshaoil, Sláinte Cheanada) trí ardáin amhail an Chomhpháirtíocht Eorpach um chur chuige eile maidir le tástáil ar ainmhithe (EPAA) agus Luas an Mheasúnaithe ar Riosca ó Cheimiceáin a Ghéarú (APCRA); agus
- seisiúin a eagrú maidir le modhanna neamhainmhithe ag comhdhálacha tábhachtacha ([40]).

**Tacaíonn an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)** le húsáid eiticiúil ainmhithe i dtástáil táirgí íocshláinte daonna agus tréidliachta ar fud an Aontais trí ghlacadh rialaitheach cur chuige tástála a chur chun cinn, lena gcuirtear prionsabal 'na dTrí R' i bhfeidhm. Tá treoir shonrach eisithe aici ina leith sin, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- moltaí maidir le modhanna lena gcuirtear prionsabal 'na dTrí R' i bhfeidhm sa *pharmacopoeia* Eorpach chun cabhrú le sealbhóirí údaruithe margaíochta bearta nua nó bearta athbhreithnithe a chomhlíonadh;
- athbhreithniú eolaíoch ar thástálacha scaoilte baisceanna le haghaidh vacsaíní daonna agus tréidliachta agus táirgí bitheolaíocha chun a áirithiú go bhfuil siad ag teacht leis an dea-chleachtas de réir 'na dTrí R'; agus

([37]) E.g. an Coiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí (CEST), an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn (SCHEER) nó Coiste Comhairleach Eolaíoch EURL ECVAM

([38]) E.g Luas an Mheasúnaithe ar Riosca ó Cheimiceáin a Ghéarú (APCRA), tionscadail ToxRisk, ASPIS, PARC agus MATCHING an Aontais·)

([39]) E.g. bosca uirlisí QSAR ECFE nó obair Chreat Measúnaithe QSAR in ECFE

([40]) E.g. Cruinnithe Bliantúla SETAC, EUROTOX, QSAR 2023

— rannchuidiú le treoir agus ceanglais chomhchuibhithe a fhorbairt san Eoraip agus ar fud an domhain, trí oibriú go dlúth le comhlachtaí ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Thairis sin, rinne an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) Meitheal 'Trí R' tiomnaithe a athghníomhachtú le déanaí. Cuireann Meitheal 'na dTrí R' comhairle ar choistí eolaíochta EMA maidir le húsáid ainmhithe i dtástáil rialála ar chógais agus maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal 'na dTrí R'. Tá spriocanna an-uaillmhianach ([41]) leagtha síos ag Meitheal 'na dTrí R' i ndáil le glacadh rialála modheolaíochtaí muálacha maidir le cuir chuige nua a chur chun cinn, i measc nithe eile. Tá Tascfhórsa Nuálaíochta ag EMA freisin, ar grúpa ildisciplíneach é a chuireann fóram ar fáil le haghaidh idirphlé luath le hiarratasóirí maidir le gnéithe nuálacha san fhorbairt cógas, agus lena gcumhdaítear glacadh rialála modhanna neamhainmhithe freisin.

Tá forbairt agus úsáid modhanna neamhainmhithe sa mheasúnú riosca á meas ag an n**Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA)** mar chéim ríthábhachtach chun dul i dtreo paraidíme nua a bheidh bunaithe ar thuiscint mheicníoch ar an tocsaineacht agus a bhogfaidh ar shiúl ó úsáid ainmhithe. Tá urraíocht déanta ag EFSA ar go leor tionscadal i réimsí éagsúla amhail néarthocsaineacht fhorbarthach, néarthocsaineacht ainsealach, forbairt conairí toraidh neamhfhabhraigh, modheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua i dtaca le nanafhoirmeacha agus ionsú, dáileadh, meitibileacht agus eisfhearadh. Thairis sin, d'fhoilsigh EFSA treochlár modheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua ([42]) ina bhfuil tograí chun modhanna neamhainmhithe agus coincheapa nua a fhorbairt le haghaidh measúnú ar riosca don duine, rud a bheidh ábhartha chun críoch rialála.

**Tá ról tábhachtach ag Coiste Eolaíoch an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht Tomhaltóirí (CEST)** ([43]) maidir le cinneadh an reachtóra a ghlacadh, is é sin, an cinneadh chun toirmeasc a chur ar thástálacha ar ainmhithe faoin Rialachán maidir le Cosmaidí. Tá súil ghéar á coimeád ag CEST ar an dul chun cinn atá déanta maidir le modhanna malartacha a fhorbairt agus a bhailíochtú. Foilsíodh an t-athbhreithniú is déanaí a rinne CEST ar *Notes of Guidance for the Testing of Cosmetic Ingredients and Their Safety Evaluation* [Nótaí Treorach maidir le Comhábhair Chosmaideacha a Thástáil agus Meastóireacht Sábháilteachta a Dhéanamh Orthu] i mí an Mhárta 2021.

Chomh maith le roghanna malartacha bailíochtaithe, féadfaidh CEST modhanna eile a ghlacadh freisin, ar bhonn cás ar chás, a mheasann an Coiste a bheith bailí ó thaobh na heolaíochta de chun meastóireacht sábháilteachta a dhéanamh ar shubstaintí cosmaideacha, fiú murar cuireadh trí phróiseas bailíochtaithe iad.

Bhunaigh an Coimisiún **an Chomhpháirtíocht Eorpach um chuir chuige eile maidir le tástáil ar ainmhithe (EPAA)** in 2005. Déanann EPAA seirbhísí uile an Choimisiúin a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le tástáil (neamh) ainmhithe chun críoch eolaíochta, gníomhaireachtaí Aontais, chomh maith le hionadaithe ón tionscal a chumhdaítear leis an gcreat rialála maidir le ceimiceáin agus cógaisíocht, a thabhairt le chéile le páirtithe leasmhara eile amhail ENRanna um leas ainmhithe, an Pharlaimint agus saineolaithe acadúla. Áirítear ar ghníomhaíochtaí EPAA an tArdán Tionscadal, áit a gcomhoibríonn comhpháirtithe agus comhlaigh EPAA ar thionscadail a thacaíonn le forbairt, bailíochtú, glacadh agus cur chun feidhme roghanna malartacha a chuireann prionsabal 'na dTrí R' i bhfeidhm sa tástáil rialála agus sa chinnteoireacht. Ina theannta sin, eagraíonn EPAA comhdháil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí maidir leis na hábhair sin. Beidh an chéad chomhdháil bhliantúil eile ar siúl i mí na Samhna 2023 agus is é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar thionchar na straitéise ceimiceán um an inbhuanaitheacht agus tionchar na straitéise cógaisíochta don Eoraip ar an nuálaíocht agus ar thástáil ar ainmhithe. Tugann Fóram na gComhpháirtithe deis do chomhaltaí EPAA faisnéis a mhalartú idir earnálacha agus sineirgí a shainaithint. Ina theannta sin, leis an bhFóram, cuirtear deontais agus dámhachtainí ar fáil d'obair den scoth a rannchuidíonn le roghanna malartacha in ionad tástáil ar ainmhithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, amhail an Duais 'EPAA Refinement' [duais EPAA maidir le modhanna tástála ar ainmhithe a fheabhsú], a thacaíonn le mic léinn agus le heolaithe óga a bhfuil sárobair déanta acu i réimse na gcur chuige malartach.

## 2.6. Dul chun cinn i ndiaidh an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, 'Cuir stad leis an mbeodhioscadh', in 2015

In 2015, leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, 'Cuir stad leis an mbeodhioscadh', iarradh ar an gCoimisiún togra nua a chur chun tosaigh a bheadh dírithe ar dheireadh a chur de réir a chéile le cleachtas na tástála ar ainmhithe. Ba é freagra an Choimisiúin roinnt gníomhaíochtaí a bheartú, gníomhaíochtaí a cuireadh i bhfeidhm ó shin:

1. Dlús a chur leis an dul chun cinn maidir leis na 'Trí R' trí chomhroinnt eolais: Cruthaíodh ardán ETPLAS ([44]) chun comhroinnt eolais níos córasaí a chumasú maidir le cur i bhfeidhm na 'dtrí R'. Féadtar rochtain a fháil tríd an ardán faoi láthair ar shé ríomh-mhodúl oiliúna rochtana oscailte, agus beidh trí mhodúl déag sa bhreis curtha i gcrích faoi dheireadh 2024.

([41]) Plean oibre comhdhlúite 3 bliana don réimse neamhchliniciúil, lena n-áirítear na tosaíochtaí le haghaidh 2023 (europa.eu)

([42]) Forbairt Treochláir um Ghníomhaíocht le haghaidh Modheolaíochtaí maidir le Cuir Chuige Nua sa Mheasúnú Riosca Iris EFSA 2022;19(6):EN-7341

([43]) Cuireann an Coiste Tuairimí in iúl maidir leis na rioscaí sláinte agus sábháilteachta (rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, meicniúla agus rioscaí fisiceacha eile) a bhaineann le táirgí tomhaltais neamhbhia (e.g. cosmaidí agus a gcomhábhair, bréagáin, teicstílí, éadaí, táirgí cúraim phearsanta agus táirgí tí) agus seirbhísí (e.g. tatúnna, donnúchán gan ghrian).

([44]) https://learn.etplas.eu/ An tArdán Oideachais agus Oiliúna um Eolaíocht Ainmhithe Saotharlainne

2. Cuir chuige mhalartacha nua a fhorbairt, a bhailíochtú agus a chur chun feidhme: Tar éis don Choimisiún gealltanas a dhéanamh chun tacú le forbairt, bailíochtú agus cur chun feidhme cur chuige malartach le haghaidh úsáid rialála agus taighde, lean sé den obair maidir leis an méid sin trí chuir chuige mhalartacha a chistiú agus trí obair i gcomhar le EURL ECVAM maidir le bailíochtú modhanna. Tacaíonn tionscnaimh chomhair amhail EPAA agus APCRA le hiarrachtaí an Choimisiúin.

3. Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Threoir 2010/63/AE: Lean an Coimisiún agus a ghníomhaireachtaí d'úsáid cur chuige malartach a chur chun cinn, e.g. le haghaidh tástáil pirigineachta ar vacsaíní agus ar shubstaintí bitheolaíocha ([45]). Thug an Coimisiún an Rialachán maidir le Modhanna Tástála cothrom le dáta freisin chun úsáid modhanna malartacha a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta a chothú.

4. Dul i mbun plé leis an bpobal eolaíochta: Gheall an Coimisiún comhdháil a eagrú ina mbeadh an pobal eolaíochta agus na páirtithe leasmhara rannpháirteach i ndíospóireacht maidir leis an gcaoi le dul chun cinn a dhéanamh de réir a chéile i dtreo na sprice deireadh a chur le tástáil ar ainmhithe. D'eagraigh an Coimisiún dhá chomhdháil ar an ábhar sin in 2016 agus in 2021 ([46]).

## 3. MEASTÓIREACHT AR NA TOGRAÍ SA TIONSCNAMH AGUS AR NA FREAGAIRTÍ

Tá an Coimisiún tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar thrí phríomhchuspóir an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh.

### 3.1. Cuspóir 1: An toirmeasc ar thástáil ar ainmhithe le haghaidh cosmaidí a chosaint agus a neartú

Is é seo a leanas an tuairisc a thugtar ar Chuspóir 1 sa tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh: 'An toirmeasc ar chosmaidí a thástáil ar ainmhithe a chosaint agus a neartú. Athrú reachtach a thionscnamh chun cosaint tomhaltóirí, oibrithe agus an chomhshaoil a bhaint amach maidir le gach comhábhar cosmaideach gan tástáil a dhéanamh ar ainmhithe, chun críche ar bith, ag tráth ar bith'. San iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, déantar an cuspóir sin a mhiondealú sna ceithre phointe thíos.

1. Toirmisc an Aontais atá ann cheana ar thástáil ar ainmhithe le haghaidh cosmaidí agus ar mhargú comhábhar a tástáladh ar ainmhithe a chur i bhfeidhm láithreach bonn.

2. A shoiléiriú nach mór an measúnú ar chomhábhair chosmaideacha a bheith ag brath ar shonraí nach sonraí ó ainmhithe iad agus nach mór diúltú do shonraí ó ainmhithe, gan beann ar shuíomh agus ar chuspóir na dtástálacha ar ainmhithe.

3. An reachtaíocht a athrú chun measúnú ar shábháilteacht ceimiceán i dtaca le comhábhair chosmaideacha a áirithiú, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh le haghaidh sláinte oibrithe agus an chomhshaoil, gan tástáil ar ainmhithe.

4. Straitéis láidir mheasúnaithe a cheapadh maidir le comhábhair chosmaideacha atá bunaithe ar mhodhanna neamhainmhithe.

Freagairt ar chuspóir 1:

Leagtar amach thíos freagairt an Choimisiúin ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.

— Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gur cuireadh chun feidhme go hiomlán faoin Rialachán maidir le Cosmaidí an toirmeasc ar thástáil ainmhithe le haghaidh comhábhair chosmaideacha agus an toirmeasc margaíochta ar tháirgí cosmaideacha ina bhfuil comhábhair a tástáladh ar ainmhithe.

— Cheana féin, faoin Rialachán maidir le Cosmaidí, tá toirmeasc ar thástáil ar ainmhithe chun comhábhair chosmaidí a mheasúnú.

— Níl sé beartaithe ag an gCoimisiún faoi láthair athruithe reachtacha a mholadh ar an Rialachán maidir le Cosmaidí ná ar Rialachán REACH a mhéid a bhaineann le comhábhair chosmaideacha a thástáil. Tá an comhéadan idir an dá Rialachán á ghrinnscrúdú faoi láthair ag an gCúirt Ghinearálta in dhá chás a tugadh i gcoinne ECHA. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar na breithiúnais, a luaithe a bheidh fáil orthu, agus cuirfidh sé san áireamh iad agus cinneadh á dhéanamh aige maidir leis an ngá atá le hathruithe reachtacha.

— Ina theannta sin, mar chuid den athbhreithniú spriocdhírithe ar Rialachán REACH, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh go gcuirfí modhanna neamhainmhithe in ionad roinnt ceanglas faisnéise atá bunaithe ar thástáil ar ainmhithe, i gcás inar féidir.

([45]) Imeacht Comhpháirteach EDQM-EPAA: Todhchaí na tástála pirigineachta: deireadh a chur de réir a chéile leis an tástáil pirigine ar choiníní — an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte

([46]) Cur chuige neamhainmhithe — Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu) (2017); I dtreo modhanna malartacha in ionad ainmhithe a úsáid chun críoch eolaíoch — Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu) (2021)

— An iarraidh ar straitéis láidir mheasúnaithe le haghaidh comhábhair chosmaideacha, straitéis a bheidh bunaithe ar mhodhanna neamhainmhithe, is dealraitheach go bhfuil cosúlachtaí idir an iarraidh sin agus na hiarrataí a rinneadh faoi chuspóir 2 den tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh maidir le céimeanna chun cuir chuige neamhainmhithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme i leith measúnuithe ar shábháilteacht ceimiceán agus maidir le haistriú ailínithe sa spás rialála i dtreo cuir chuige neamhainmhithe. Dá bhrí sin, tugtar freagra ar an iarraidh i roinn 3.2.

Cheana féin, leis an Rialachán maidir le Cosmaidí, cuirtear toirmeasc ar tháirgí cosmaideacha arna dtástáil ar ainmhithe a chur ar an margadh chun ceanglais an Rialacháin sin a chomhlíonadh. An toirmeasc sin, atá infheidhme go hiomlán ó bhí mí an Mhárta 2013 ann, baineann sé freisin le comhábhair chosmaideacha a tástáladh ar ainmhithe chun críche an Rialacháin sin. Sonraí a ghintear trí thástáil ar ainmhithe arna déanamh chun ceanglais chosmaidí tíortha nach tíortha den Aontas iad a chomhlíonadh, ní féidir brath ar na sonraí sin san Aontas chun measúnú a dhéanamh ar chosmaidí.

Mar sin féin, formhór na gcomhábhar a úsáidtear i dtáirgí cosmaideacha, baintear úsáid astu freisin i dtáirgí tomhaltais agus tionsclaíocha eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tástáil ar ainmhithe chun comhlíonadh na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir leis na táirgí sin a áirithiú. I gcásanna mar sin, shoiléirigh an Coimisiún ([47]), i gcás tástáil ainmhithe arb é ba chúis leis rialacha a chomhlíonadh nach mbaineann le cosmaidí, nár cheart leis an tástáil sin an toirmeasc margaíochta le haghaidh cosmaidí a thionscnamh. Is féidir brath ar shonraí den chineál sin don mheasúnú ar shábháilteacht cosmaidí faoin Rialachán maidir le Cosmaidí má tá siad ábhartha don mheasúnú sin ([48]).

Substaintí ceimiceacha a úsáidtear mar chomhábhair chosmaideacha, tá siad faoi réir ceanglas faoi Rialachán REACH freisin, má tháirgtear iad ag ráta 1 tona nó níos mó in aghaidh na bliana, maidir le guaiseacha agus rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a mheasúnú. I mí Dheireadh Fómhair 2014, shoiléirigh an Coimisiún ([49]), i gcomhar le ECHA, an gaol idir an toirmeasc ar mhargaíocht agus na ceanglais faisnéise faoi Rialachán REACH. I gcás ceimiceáin nach n-úsáidtear i gcosmaidí amháin, ceadaítear tástáil ar ainmhithe, mar a thuairiscítear thuas, chun na ceanglais faoi Rialachán REACH a chomhlíonadh.

Leis an Rialachán maidir le Cosmaidí, ceanglaítear measúnú a dhéanamh ar na rioscaí do thomhaltóirí agus do ghairmithe ([50]). I gcás na measúnuithe sin, tá toirmeasc ar thástáil ar ainmhithe. Ceanglaítear le Rialachán REACH freisin, áfach, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí d'oibrithe atá gan cosaint ar an tsubstaint agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí don chomhshaol. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chláraithe ceimiceán a úsáidtear go heisiach sna cosmaidí tástáil ar ainmhithe a dhéanamh chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí d'oibrithe agus don chomhshaol faoi Rialachán REACH. Mar sin féin, mar is amhlaidh i gcás gach substainte atá cláraithe faoi Rialachán REACH, ní mór do na cláraithe an fhaisnéis a bhfuil gá léi a sholáthar, áit ar féidir, trí úsáid a bhaint as roghanna malartacha in ionad na tástála ar ainmhithe (e.g., samhaltú ar ríomhaire, léamh trasna, tromachar na fianaise). Is é tástáil ar ainmhithe an rogha dheiridh fós, agus féadtar í a tharscaoileadh i gcomhréir le Rialachán REACH, agus déanta na fírinne, is minic a dhéantar amhlaidh.

Leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, iarrtar athruithe reachtacha agus raon feidhme an Rialacháin maidir le Cosmaidí a leathnú chun an measúnú ar na rioscaí do shláinte oibrithe agus don chomhshaol a chumhdach. Chuige sin, bheadh gá le hathruithe bunúsacha ar an Rialachán seo agus ar Rialachán REACH. B'amhlaidh an cás freisin dá ndéanfaí athruithe ar Rialachán REACH amháin, i.e. dá ndéanfaí toirmeasc ar thástáil ar ainmhithe le haghaidh comhábhair chosmaideacha a thabhairt isteach faoi Rialachán REACH amháin. Dá ndéanfaí athruithe ar aon cheann den dá Rialachán, bheadh bearnaí san fhaisnéis maidir le rioscaí d'oibrithe agus don chomhshaol dá bharr, ós rud é, mar a léirítear thuas, nach meastar go fóill gur leor é measúnuithe sábháilteachta a dhéanamh ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol gan aon tástáil ar ainmhithe mar gheall ar an easpa modhanna malartacha a bhfuil glacadh leo. Rud eile a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh air sin go mbainfí comhábhair chosmaideacha den mhargadh, comhábhair atá sábháilte i bprionsabal, ar an mbonn nach féidir a sábháilteacht a léiriú go hiomlán. Go hachomair, aon athrú reachtach a bheadh ann, d'éileofaí leis dul chun cinn a dhéanamh maidir le modhanna measúnaithe saor ó ainmhithe a fhorbairt, mar aon le critéir oiriúnacha chun a nglacadh a áirithiú agus anailís mhionsonraithe ar thionchar na n-athruithe.

([47]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an toirmeasc ar thástáil ainmhithe agus ar mhargaíocht agus maidir le staid na himeartha i ndáil le modhanna malartacha i réimse na gcosmaidí 11.3.2013, COM(2013) 135

([48]) Airteagal 10(3) de Rialachán 1223/2009/CE

([49]) Comhéadan idir REACH agus na rialacháin maidir le Cosmaidí, Bileog Eolais, ECHA-14-FS-04-EN; https://echa.europa.eu/documents/10162/13628/reach_cosmetics_factsheet_en.pdf/2fbcf6bf-cc78-4a2c-83fa-43ca87cfb314

([50]) Tuigtear gur gairmithe iad daoine a úsáideann táirgí cosmaideacha mar chuid dá ngnó (e.g. gruagairí), agus go ndéanann oibrithe na comhábhair nó na táirgí a mhonarú ar láithreán tionsclaíoch.

An léirmhíniú thuas ar an gcomhéadan idir an Rialachán maidir le Cosmaidí agus Rialachán REACH, tá sé á ghrinnscrúdú faoi láthair ag an gCúirt Ghinearálta in dhá chás a tugadh i gcoinne ECHA. Tá cláraí ag ceistiú na hoibleagáide tástáil a dhéanamh ar ainmhithe, arna hiarraidh ag ECHA i gcinntí meastóireachta ar shainchomhaid faoi Rialachán REACH. Meastar go mbeidh na breithiúnais ann le linn 2023, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith acu maidir leis an léirmhíniú atá ann faoi láthair agus atá ina bhonn le freagairt an Choimisiúin ar an tionscnamh Eorpach seo ó na saoránaigh.

**Cás T-655/20 agus Cás T-656/20 (Symrise v ECHA)**

Tá iarratas á dhéanamh ag na hiarratasóirí go ndéanfaí dhá chinneadh ó Bhord Achomhairc ECHA a neamhniú. Sna cinntí sin, bhí an Bord Achomhairc tar éis a dheimhniú gur iarr ECHA tástálacha áirithe lena mbaineann tástáil ar ainmhithe le haghaidh ceimiceáin a úsáidtear i gcosmaidí amháin.

I measc pléadálacha eile, maíonn an t-iarratasóir, agus tacaíocht aige ó ENRanna agus ó chuideachtaí atá gníomhach i dtáirgeadh cosmaidí, go raibh ECHA freagrach as fadhb shoiléir i measúnú agus gur bhain sé míbhrí as Rialachán REACH toisc gur iarr sé tástálacha ar ainmhithe veirteabracha chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí do shláinte oibrithe, agus toisc nár chuir sé sábháilteacht na substainte mar a measadh í faoin Rialachán maidir le Cosmaidí san áireamh.

### 3.2. Cuspóir 2: Reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin a chlaochlú

Leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, iarrtar ar an gCoimisiún reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin a athrú ó bhonn agus a áirithiú go gcosnófar sláinte an duine agus an comhshaol trí cheimiceáin a bhainistiú gan ceanglais nua maidir le tástáil ar ainmhithe a thabhairt isteach. Iarrtar sa tionscnamh faoi chuspóir 2 céimeanna nithiúla a chur i bhfeidhm chun cuir chuige neamhainmhithe atá ábhartha don duine a fhorbairt, a bhailíochtú agus a chur chun feidhme chun ceimiceáin thocsaineacha a shainaithint. Iarrtar ann aistriú iomlán a dhéanamh ón tástáil ar ainmhithe, glacadh modhanna neamhainmhithe a áirithiú a bheidh ailínithe idir na gníomhaireachtaí rialála ábhartha uile a bhfuil freagracht riaracháin orthu as ceimiceáin, bithicídí, táirgí cosanta plandaí, cógaisíocht, agus táirgí eile, agus creataí rialála a chur in oiriúint chun a áirithiú go nglacfar go tapa le modheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua. Ina theannta sin, iarrtar go n-áiritheofar nach gcuirfear sprioc-amanna na gceanglas tástála i bhfeidhm sa chaoi go mbeidh an déine eolaíochta nó sábháilteacht an duine agus an chomhshaoil thíos leis, trína cheadú go mbeifí ag brath, ceal rogha eile, ar thástálacha neamhiontaofa ar ainmhithe. Go bunúsach, tá cuspóirí an tionscnaimh ar aon dul le straitéis nó treochlár a chur i bhfeidhm chun aistriú ón tástáil ar ainmhithe. Na pointí a luaitear faoi chuspóir 2, a sonraíodh a thuilleadh i gcruinniú leis an gCoimisiún an 17 Márta 2023, is cosúil go bhfuil forluí éigin idir na pointí sin agus na pointí faoi chuspóir 3, ina n-iarrtar treochlár a phleanáil agus tús áite a thabhairt freisin don chistiú chun modhanna neamhainmhithe a fhorbairt agus a bhailíochtú, chun críoch rialála freisin, agus chun glacadh na modhanna a chomhordú. An iarraidh ar chéimeanna nithiúla i gcuspóir 2 go háirithe, comhfhreagraíonn sí do threochlár a bhunú i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe le haghaidh measúnuithe ar shábháilteacht ceimiceán.

Freagairt ar Chuspóir 2:

**Treochlár i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe le haghaidh measúnuithe ar shábháilteacht ceimiceán**

Seolfaidh an Coimisiún an obair láithreach chun treochlár a fhorbairt ina leagfar amach garspriocanna agus gníomhaíochtaí sonracha chun tástáil ar ainmhithe a laghdú, a bheidh le cur chun feidhme sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, garspriocanna agus gníomhaíochtaí a bheadh ina réamhriachtanais don aistriú i dtreo córas rialála saor ó ainmhithe faoi phíosaí ábhartha reachtaíochta ceimiceán (e.g. REACH, Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, an Rialachán maidir le Táirgí Cosanta Plandaí agus cógais don duine agus cógais tréidliachta). Is é a bheidh i gcroílár an treochláir anailís a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar na céimeanna is gá chun modhanna malartacha a chur in ionad na tástála ar ainmhithe i bpíosaí reachtaíochta lena gceanglaítear tástáil ar ainmhithe faoi láthair le haghaidh measúnuithe ar shábháilteacht ceimiceán. Leagfar amach sa treochlár an bealach chun forbairt, bailíochtú agus cur chun feidhme modhanna neamhainmhithe a leathnú agus dlús a chur leo, chomh maith leis na bealaí chun glacadh na modhanna sin a éascú sa reachtaíocht trí chéile. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gnéithe den treochlár a phlé leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ag ceardlann sa dara leath de 2023 agus an dul chun cinn atá déanta a chur i láthair ag an dara ceardlann sa dara leath de 2024. Tá sé beartaithe an obair ar an treochlár a thabhairt chun críche sa chéad ráithe de théarma an chéad Choimisiúin eile.

Agus an treochlár á tharraingt suas aige, oibreoidh an Coimisiún go dlúth lena ghníomhaireachtaí, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha ó ENRanna agus ó na hearnálacha tionsclaíochta agus taighde. Tacófar le forbairt an treochláir trí mheasúnuithe a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, trí obair EFSA ar chuir chuige neamhainmhithe, trí threochlár EFSA agus trí shaineolas ECHA, EFSA agus EMA.

Áireofar na gnéithe thíos sa treochlár chun tacú leis an aistriú i dtreo measúnuithe ar shábháilteacht ceimiceán bunaithe ar thástáil neamhainmhithe, agus cuirfidh an treochlár leis na gnéithe sin.

1. Modhanna malartacha a úsáid in ionad tástála ar ainmhithe: Cé go bhfuil dul chun cinn substaintiúil déanta le blianta beaga anuas maidir le modhanna malartacha a fhorbairt lena n-úsáid in ionad tástála ar ainmhithe, ní féidir modhanna eile a chuir in ionad na tástála ar ainmhithe fós le haghaidh measúnuithe ar shábháilteacht ceimiceán i gcás gach críochphointe (éicea)tocsaineolaíoch. Tá gá le tuilleadh taighde i gcás roinnt críochphointí. I gcás críochphointí eile, níl na riachtanais rialála á gcomhlíonadh go hiomlán faoi láthair ag tástáil neamhainmhithe, e.g. a mhéid a bhaineann le measúnuithe cainníochtúla ar ghuaiseacha agus ar rioscaí. Is gá, dá bhrí sin, anailís a dhéanamh ar na roghanna is féidir a chur in ionad na tástála ar ainmhithe maidir le gach críochphointe (éicea)tocsaineolaíoch, agus na bearnaí nach mór a dhúnadh a shainaithint, chomh maith leis na riachtanais forbartha. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le ceanglais sonraí a shainiú ar bhealach éagsúil sa reachtaíocht ionas gur féidir modhanna neamhainmhithe a úsáid chun na riachtanais rialála a chomhlíonadh. Beidh an anailís sin ina gné lárnach den treochlár, agus áireofar sa treochlár freisin pointí gníomhaíochta agus garspriocanna chun deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe le haghaidh na gcríochphointí éagsúla.

2. Ag oibriú i gcomhar le chéile - rannpháirtíocht páirtithe leasmhara: Tá sé ríthábhachtach páirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach ionas go ndéanfar an t-eolas eolaíoch atá ina bhonn leis an treochlár a chomhthiomsú, agus tá an rannpháirtíocht sin fíor-riachtanach ionas go bhfaighfear tacaíocht ó na Ballstáit, ó ghníomhaireachtaí agus ó pháirtithe leasmhara de chuid ENRanna agus na n-earnálacha tionsclaíochta agus taighde. Mar chéad chéim, ón 31 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2023 ([51]), d'eagraigh an Coimisiún, in éineacht le ECHA agus go leor páirtithe leasmhara, ceardlann ina ndearnadh breithniú ar na forbairtí eolaíocha maidir le tástáil neamhainmhithe, agus phléigh siad na ceanglais nach mór don tástáil sin a chomhlíonadh i gcomhthéacs na rialála. Ghlac eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh páirt sa cheardlann. Thacaigh rannpháirtithe na ceardlainne le treochlár a fhorbairt i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe. Cinnteofar rannpháirtíocht leanúnach na bpáirtithe leasmhara trí shraith ceardlann eile, i measc nithe eile:

— eagróidh an Coimisiún ceardlann sa dara leath de 2023 chun plé a dhéanamh ar na céimeanna is gá chun modhanna malartacha a úsáid in ionad tástáil ar ainmhithe le haghaidh gach críochphointe tocsaineolaíochta, agus ar ghnéithe an treochláir;

— tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an dara ceardlann a eagrú sa dara leath de 2024 chun an dul chun cinn atá déanta maidir le treochlár a fhorbairt a chur i láthair, chomh maith le hionchur a fháil ó na Ballstáit agus ó na páirtithe leasmhara; agus

— eagrófar ceardlanna breise a dhíreoidh ar ghnéithe eolaíochta agus rialála i gcomhar le EPAA, sin nó eagróidh na gníomhaireachtaí na ceardlanna.

3. Comhar gníomhaireachtaí agus coistí saineolaithe a neartú: Tá togra á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair lena ghlacadh in 2023 dar teideal '*Streamlining EU scientific and technical work on chemicals through the EU agencies*' [Obair eolaíoch agus theicniúil an Aontais maidir le ceimiceáin a chuíchóiriú trí ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh], arb é is cuspóir dó feabhas a chur ar chomhar na ngníomhaireachtaí agus a n-éifeachtúlacht a mhéadú trí leas iomlán a bhaint as sineirgí sa mheasúnú ar cheimiceáin. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún, mar chuid den treochlár, anailís ar láidreachtaí agus laigí an tírdhreacha gníomhaireachtaí, coistí agus meithleacha atá ann faoi láthair, a chuireann comhairle ar fáil maidir le modhanna neamhainmhithe. Le gníomhaíocht den sórt sin, a chuirfear i gcrích in éineacht leis an treochlár, d'fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh freisin ar na deiseanna le haghaidh comhar níos láidre agus anailís a dhéanamh ar na deiseanna chun dlús a chur le haistriú an tsaineolais eolaíoch atá ar fáil chuig an reachtaíocht.

4. Coiste comhairleach eolaíoch maidir le modhanna neamhainmhithe: Mar chuid den obair faoin treochlár, déanfaidh an Coimisiún anailís ar an ngá atá le coiste eolaíoch saineolaithe chun comhairle a chur ar fáil maidir le cuir chuige neamhainmhithe a fhorbairt agus maidir lena nglacadh agus lena n-úsáid sa chomhthéacs rialála, agus ar a indéanta a bheadh sé coiste den chineál sin a bhunú. Cuirfear an anailís agus an treochlár i láthair in éineacht le chéile.

5. Glacadh le modhanna: Déanfaidh an Coimisiún anailís, mar chuid den treochlár, ar bhealaí chun dlús a chur le glacadh le modhanna nua neamhainmhithe, agus an tábhacht a bhaineann le glacadh frithpháirteach sonraí i ndlínsí éagsúla á cur san áireamh aige san am céanna. Áirítear leis sin an gá atá le bailíochtú a mhéadú ach glacadh rialála modhanna neamhainmhithe a mhéadú freisin.

6. An ghné idirnáisiúnta: Leagfar amach sa treochlár bealaí chun feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí for-rochtana i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta nach tíortha den Aontas iad agus le heagraíochtaí iltaobhacha chun forbairt agus glacadh modhanna tástála neamhainmhithe a chothú chun críoch rialála, amhail na modhanna aicmithe foluiteacha le haghaidh substaintí agus meascán faoi Chóras Comhchuibhithe Domhanda na Náisiún Aontaithe um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú.

([51]) https://echa.europa.eu/-/echa-s-workshop-opens-way-for-animal-testing-free-chemicals-regulation

7. Rannpháirtíocht na ngníomhaireachtaí i bhfóraim idirnáisiúnta: Tá saineolas den scoth ag gníomhaireachtaí an Aontais, amhail EFSA, ECHA nó EMA, ar mhodhanna neanmhainmhithe. Déanfar anailís sa treochlár, i ndlúthchomhar leis na gníomhaireachtaí, ar na féidearthachtaí chun infheictheacht agus tionchar na ngníomhaireachtaí a mhéadú i bhfóraim idirnáisiúnta, amhail ECFE ar an leibhéal réigiúnach agus EDS ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá ailíniú i bhfóraim idirnáisiúnta á éascú ag an gcomhoibriú idir rialtóirí ó na Stáit Aontaithe, ó Cheanada, ón Eoraip agus ó thíortha eile sa tionscadal APCRA (Luas an Mheasúnaithe ar Riosca ó Cheimiceáin a Ghéarú). Is obair ríthábhachtach é sin i dtaca le dul chun cinn a chumasú i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe sa chomhthéacs idirnáisiúnta, i.e. i bhfianaise aicmithe atá comhchuibhithe ar bhonn domhanda agus glacadh frithpháirteach sonraí.

8. Infhaighteacht agus inrochtaineacht faisnéise a fheabhsú: Rochtain ar fhaisnéis faoi mhodheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua agus boinn eolais agus uirlisí a bheith ar fáil, tá an méid sin ríthábhachtach i ndáil le dlús a chur le glacadh cur chuige neamhainmhithe. In 2023 molfaidh an Coimisiún Rialachán maidir le sonraí ceimiceán lena bhfeabhsófar inrochtaineacht ar fhaisnéis faoi cheimiceáin. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún anailís faoi dheireadh 2024 ar an gcaoi le rochtain ar fhaisnéis a éascú, amhail imeachtaí agus glaonna atá ar na bacáin, ach rochtain ar threoir freisin, e.g. trí ardáin thiomnaithe agus uirlisí cumarsáide idirghníomhacha. Má tá infhaighteacht agus inrochtaineacht mhéadaithe ann i dtaca le faisnéis faoi mhodhanna neamhainmhithe, déanfaidh an méid sin tairbhe don earnáil tionsclaíochta agus do na húdaráis nuair a bheidh modhanna malartacha á gcur acu in ionad tástála ar ainmhithe, cuirfidh sé an pobal i gcoitinne ar an eolas agus tacóidh sé leis an bpobal eolaíochta agus modhanna nua á bhforbairt acu.

9. For-rochtain ar an bpobal eolaíochta agus ar pháirtithe leasmhara: Tá malartú leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear an pobal eolaíochta, ríthábhachtach i ndáil le dlús a chur le modhanna malartacha a chur in ionad tástála ar ainmhithe agus i ndáil le tacaíocht a fháil chun measúnuithe ceimiceacha a bhunú ar mhodhanna neamhainmhithe. Dá bhrí sin, méadóidh an Coimisiún a fhor-rochtain ar pháirtithe leasmhara agus ar an bpobal eolaíochta, agus tacaíocht á fáil aige óna ghníomhaireachtaí, chun an t-ionchur is gá a fháil maidir le conas cuir chuige neamhainmhithe a chur in ionad tástála ar ainmhithe, e.g. trí cheardlanna a eagrú (pointe 2), tríd an gcomhdháil bhliantúil faoi scáth EPAA (roinn 2.5) nó trí rannchuidiú le comhdhálacha.

Ina theannta sin, mar chuid den athbhreithniú spriocdhírithe ar Rialachán REACH, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar gach rogha maidir le modhanna neamhainmhithe a chur in ionad ceanglais faisnéise atá bunaithe ar thástáil ar ainmhithe. Ní thabharfaí ceanglais nua isteach maidir le faisnéis ainmhíbhunaithe ach amháin mar rogha dheiridh.

### 3.3. Cuspóir 3: An eolaíocht san Aontas a nuachóiriú – Gealltanas a thabhairt go mbeidh togra reachtach ann lena bpleanálfar treochlár chun deireadh a chur de réir a chéile le gach cineál tástála ar ainmhithe

Iarrtar leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh go ndéanfaí an eolaíocht san Aontas a nuachóiriú trí dheireadh a chur de réir a chéile le gach cineál tástála ar ainmhithe, lena n-áirítear tástáil chun críoch taighde agus oideachais. Leis an tionscnamh, moltar an sprioc sin a bhaint amach trí 'thogra reachtach lena ndéanfar treochlár a phleanáil chun deireadh a chur de réir a chéile le gach cineál tástála ar ainmhithe san Aontas roimh dheireadh an téarma reachtaigh atá ann faoi láthair'. Ba cheart spriocanna a áireamh i dtogra den chineál sin maidir le 'laghdú ar líon na n-ainmhithe a úsáidtear, infheistíochtaí i samhlacha agus bonneagair neamhainmhithe atá ar thús cadhnaíochta, sineirgíocht i dtaca le hoideachas agus oiliúint, agus glacadh rialála modhanna neamhainmhithe. Is cosúil go bhfuil forluí idir an tuairisc faoi chuspóir 3 an tionscnaimh agus cuspóir 2. Iarrtar leis an tionscnamh freisin tacú lena inmhianaithe atá sé deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe san eolaíocht.

Freagairt ar Chuspóir 3:

Leagtar amach thíos freagairt an Choimisiúin ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.

— Tá sraith pointí gníomhaíochta á moladh ag an gCoimisiún chun dlús a chur le laghdú na tástála ar ainmhithe sa taighde, san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena méadófar an comhar leis na Ballstáit.

— Ina theannta sin, leanfaidh an Coimisiún de thacú le taighde maidir le roghanna malartacha in ionad tástála ar ainmhithe, trí bhíthin cistiú substaintiúil.

Athdhearbhaíonn an Coimisiún gur sprioc chomhroinnte dá chuid é deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe, a luaithe is féidir ó thaobh na heolaíochta de, mar a luaitear freisin in aithris 10 de Threoir 2010/63/AE, ach ní mheasann sé gur togra reachtach an bealach ceart chun cinn i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le gach cineál tástála ar ainmhithe. Le Treoir 2010/63/AE, leagtar síos bearta maidir le hainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíochta nó oideachais a chosaint. Ní sholáthraítear léi creat dlíthiúil chun cláir thaighde a bhunú ná chun spriocanna laghdaithe a leagan síos maidir leis an líon ainmhithe a úsáidtear, ná chun infheistíochtaí a spreagadh i samhlacha agus bonneagair neamhainmhithe atá ar thús cadhnaíochta, i sineirgíocht i dtaca le hoideachas agus oiliúint, nó i nglacadh rialála modhanna neamhainmhithe. Ina ionad

sin, is féidir dul chun cinn sna réimsí thuasluaite a bhaint amach trí na cláir atá ann cheana a fhorbairt agus a leathnú agus trí ghníomhaíochtaí sonracha a fhorbairt mar a mholtar thíos. Ina theannta sin, tá gá le tacaíocht láidir ó na Ballstáit chun dul chun cinn a dhéanamh san eolaíocht trí chláir thaighde. Tá sé sin níos follasaí fós i gcás gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, réimse a bhfuil na Ballstáit freagrach as. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir glacadh modhanna bailíochtaithe a bhaint amach ach amháin i gcás ina bhfuil na Ballstáit rannpháirteach.

Is cosúil go bhfuil sé úsáideach spriocanna laghdaithe a leagan síos i réimsí beartais inar féidir na deiseanna chun sprioc beartais a chur chun feidhme a phleanáil go soiléir. Ní hamhlaidh atá, áfach, sa taighde, ós rud é go bhfuil sé deacair dul chun cinn eolaíoch agus nuálaíocht a thuar, agus go mbraitheann siad ar na modhanna, na teicneolaíochtaí agus an t-eolas is fearr atá ar fáil. Ina theannta sin, dá leagfaí sprioc laghdaithe uilíoch síos, d'fhéadfadh sé nach gcuirfí éagsúlacht na riachtanas taighde san áireamh. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le roghanna malartacha a fhorbairt, ach ní féidir samhlacha ainmhithe a sheachaint faoi láthair maidir le tuiscint a fháil ar roinnt próiseas bitheolaíoch nó fiseolaíoch casta a bhfuil baint acu leis an tsláinte, le galair agus leis an mbithéagsúlacht. Athdhearbhaíonn an Coimisiún, ag an gcéim seo, nach féidir a thuar cén uair a bheidh fáil ar mhodhanna atá bailí ó thaobh na heolaíochta de a fhéadfar a chur in ionad nósanna imeachta áirithe ainmhithe sa taighde. Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil sé neamhréadúil spriocanna a leagan síos i dtaca le laghdú, agus ba ghá iad sin a choigeartú go leanúnach.

Mar a luaitear thuas i roinn 3.2 (pointe 5), mar fhreagairt ar iarrataí an tionscnaimh faoi chuspóir 2, molfaidh an Coimisiún treochlár a tharraingt suas ina n-áireofar forbairt agus bailíochtú modhanna neamhainmhithe chun críoch rialála, chomh maith lena nglacadh i nósanna imeachta rialála maidir le measúnú ar shábháilteacht ceimiceán a luaithe a bheidh siad ar fáil. A mhéid a bhaineann le cistiú le haghaidh taighde, tá infheistíochtaí nach beag á ndéanamh ag an Aontas cheana féin chun cuir chuige neamhainmhithe a chur chun cinn. Tugtar tuairisc ghairid air sin i roinn 2.3. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún coinneáil suas le roghanna a chistiú ar féidir iad a chur in ionad cur chuige ainmhithe.

Ar deireadh, na gealltanais atá déanta ag an gCoimisiún i dtaca leis an treochlár maidir le measúnú ar shábháilteacht ceimiceán a thuairiscítear i roinn 3.2, comhlánóidh sé iad leis na pointí gníomhaíochta sonracha thíos chun dlús a chur le laghdú úsáid ainmhithe sa taighde, san oideachas agus sa ghlacadh rialála.

1. An comhordú leis na Ballstáit a fheabhsú a thuilleadh: Tá iniúchadh á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an deis chun gníomhaíocht beartais maidir le Limistéar Eorpach Taighde (LET) a fhorbairt chun úsáidí ainmhithe sa taighde agus sa tástáil rialála a laghdú. Tá sé ríthábhachtach tairseach chriticiúil na mBallstát a bheith rannpháirteach chun dlús a chur le glacadh modhanna malartacha agus chun gealltanas a thabhairt maidir le tástáil ar ainmhithe a laghdú. Freagra díreach a bheadh sa ghníomhaíocht sin, freagra a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar iarraidh an tionscnaimh deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe sa taighde. Leis an ngníomhaíocht, d'fhéadfaí na Ballstáit a shlógadh, faoi cheannaireacht an Choimisiúin, chun a mbeartais náisiúnta agus réigiúnacha a chuíchóiriú chun tástáil ar ainmhithe a laghdú, agus san am céanna dlús a chur le forbairt, bailíochtú agus glacadh modhanna malartacha. Leis an ngníomhaíocht bheartais LET sin, chuirfí na páirtithe leasmhara ábhartha uile ar an eolas freisin maidir le hinfheidhmeacht modhanna neamhainmhithe, de réir mar a chuirfí ar fáil iad. Chuir an Coimisiún an togra sin faoi bhráid na mBallstát an 25 Bealtaine 2023. Tá measúnú á dhéanamh ag na Ballstáit faoi láthair ar an spéis atá acu páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht den chineál sin.

2. Cistiú leanúnach ón Aontas le haghaidh roghanna malartacha agus infheictheachta: Tá tacaíocht shubstaintiúil á soláthar ag an gCoimisiún cheana féin don taighde ar mhodhanna eile in ionad tástála ar ainmhithe, agus leanfaidh sé den mhéid sin. Mar a luaitear i roinn 2.3, cumhdaítear an-chuid ábhar ábhartha le clár oibre 2023–2024, atá ina chuid de Chláir Oibre Fís Eorpach 2023–2024, agus leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Shláinte Nuálach. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin roghanna eile in ionad tástáil ar ainmhithe a chur san áireamh sa chéad phleanáil straitéiseach eile de chuid Fís Eorpach 2025–2027.

3. Ceardlann thaiscéalaíoch/ceardlanna taiscéalaíocha: Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún ceardlann amháin ar a laghad a eagrú le saineolaithe chun réimsí tosaíochta taighde amach anseo a chinneadh. Reáchtálfar an cheardlann/na ceardlanna roimh lár 2025 agus d'fhéadfadh sé go mbeadh siad ina gcuid de na ceardlanna a fhógraítear i roinn 3.2.

4. Oideachas, oiliúint agus feasacht: Mar a thugtar le fios i roinn 2.3, bunaíodh acadamh eolaithe óga sa réimse roghanna malartacha in ionad tástála ar ainmhithe le déanaí faoi bhraisle ASPIS Fís Eorpach 2020. Tá an Coimisiún ag féachaint ar bhealaí chun leanúint den tionscnamh sin.

## 4. **CONCLÚIDÍ AGUS FORLÉARGAS**

Is léiriú é an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, 'Sábháil cosmaidí neamhchruálacha – Tabhair gealltanas go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe', ar an imní atá ar an bpobal faoi úsáid ainmhithe chun críoch eolaíochta, lena n-áirítear úsáid ainmhithe le haghaidh measúnuithe ar shábháilteacht ceimiceán faoi phíosaí éagsúla reachtaíochta.

Tá an Coimisiún den tuairim freisin gur cheart deireadh a chur de réir a chéile le gach cineál tástála ar ainmhithe chun críoch rialála. Is sprioc fhadtéarmach é sin, áfach, nach mbainfear amach ach céim ar chéim agus a éilíonn tuilleadh forbairtí eolaíocha maidir le guaiseacha agus rioscaí a shainaithint agus iad bunaithe ar mhodhanna neamhainmhithe amháin. Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, tá tábhacht ag baint le tástáil ar ainmhithe fós chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le ceimiceáin do shláinte an duine agus don chomhshaol. I gcás inar féidir, cothaítear úsáid cur chuige neamhainmhithe sna hathbhreithnithe atá ann faoi láthair ar go leor píosaí reachtaíochta maidir le ceimiceáin. Mar shampla, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún modhanna neamhainmhithe a thabhairt isteach in ionad roinnt modhanna ainmhíbhunaithe a cheanglaítear faoi láthair faoi Rialachán REACH.

Chun tástáil ar ainmhithe a laghdú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus chun deireadh a chur de réir a chéile leis na tástálacha sin san fhadtéarma, beidh gá le gníomhaíocht chomhbheartaithe ailínithe ón gCoimisiún agus óna ghníomhaireachtaí, ó na Ballstáit, ón bpobal taighde agus ó pháirtithe leasmhara. Éilíonn an méid sin dearcadh soiléir freisin ar na céimeanna is gá chun deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe. Tosóidh an Coimisiún láithreach, dá bhrí sin, lena chuid oibre chun treochlár a fhorbairt ina leagfar amach garspriocanna agus gníomhaíochtaí sonracha, a chuirfear chun feidhme sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, chun tástáil ar ainmhithe a laghdú d’fhonn aistriú i dtreo córas rialála saor ó ainmhithe faoi gach píosa ábhartha den reachtaíocht maidir le ceimiceáin. Beidh sé d’aidhm ag an treochlár seo anailís a dhéanamh ar na hathruithe is gá i gcuir chuige rialála agus an spreagadh ceart a thabhairt d’fhorbairt, bailíochtú agus cur chun feidhme modhanna neamhainmhithe agus dá nglacadh tapa i nósanna imeachta rialála maidir le measúnú ar shábháilteacht ceimiceán. A luaithe a shaineofar é, d’fhéadfadh an treochlár seo a bheith ina shamhail le haghaidh réimsí beartais eile. Is éard atá i bpríomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin a chuirfidh leis an treochlár seo sraith gníomhaíochtaí reachtacha agus neamhreachtacha (a leagtar amach go mion i roinn 3.2):

— Anailís céim ar chéim ar gach críochphointe (éicea)tocsaineolaíoch d’fhonn na gníomhaíochtaí agus na garspriocanna riachtanacha a shainiú chun deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe;

— Rannpháirtíocht iomlán na bpáirtithe leasmhara i gceardlanna in 2023 agus in 2024 ina bpléifear an treochlár. ;

— Comhar neartaithe idir gníomhaireachtaí agus coistí saineolaithe, i measc nithe eile, trí ghlacadh an togra ón gCoimisiún atá le glacadh sa dara leath de 2023 dar teideal ‘*Streamlining EU scientific and technical work on chemicals through the EU agencies*’ [Obair eolaíoch agus theicniúil an Aontais maidir le ceimiceáin a chuíchóiriú trí ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh];

— Feabhas a chur ar inrochtaineacht faisnéise faoi mhodheolaíochtaí maidir le cuir chuige nua, trí thogra ón gCoimisiún, i measc nithe eile, sa dara leath de 2023 le haghaidh Rialachán maidir le sonraí ceimiceán lena bhfeabhsófar inrochtaineacht ar fhaisnéis faoi cheimiceáin;

— Anailís a dhéanamh, mar chuid den treochlár, ar bhealaí chun dlús a chur le bailíochtú agus glacadh modhanna nua neamhainmhithe;

— Anailís ar an ngá a d’fhéadfadh a bheith le coiste eolaíoch saineolaithe chun comhairle a chur ar fáil maidir le cuir chuige neamhainmhithe a fhorbairt agus maidir lena nglacadh agus lena n-úsáid sa chomhthéacs rialála, agus ar a indéanta a bheadh sé coiste den chineál sin a bhunú;

— Anailís a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí for-rochtana le tíortha comhpháirtíochta nach tíortha den Aontais iad agus le heagraíochtaí iltaobhacha, chomh maith le hinfheictheacht ghníomhaireachtaí an Aontais a mhéadú i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha.

Ar an gcaoi chéanna, chun an sprioc maidir leis an eolaíocht a nuachóiriú a bhaint amach, tá gá le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhodhanna neamhainmhithe. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht láidir a thabhairt d’fhorbairt cur chuige malartach trí bhíthin cistiú iomchuí. Tá an Coimisiún ag féachaint freisin ar dheiseanna chun gníomhaíochtaí na mBallstát sa réimse seo a chomhordú.

Níl an Coimisiún den tuairim gur togra reachtach an uirlis cheart chun an sprioc maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid ainmhithe sa taighde agus san oideachas a bhaint amach. Níl dul chun cinn leormhaith déanta san eolaíocht go fóill chun réitigh leordhóthanacha neamhainmhithe a chur ar fáil ionas gur féidir tuiscint iomlán a fháil ar shláinte agus ar ghalair nó ar an mbithéagsúlacht. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún bearta sonracha a fhorbairt chun dlús a chur le laghdú na tástála ar ainmhithe san eolaíocht. Leagtar na gníomhaíochtaí sin amach i roinn 3.3 i réimse an taighde, an oideachais agus na hoiliúna chun na hiarrachtaí maidir le deireadh a chur de réir a chéile le tástáil ar ainmhithe a neartú a thuilleadh.

Ar deireadh, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit, trí ghníomhaíocht beartais nua LET atá beartaithe, ag gníomhú dóibh de réir a gcumhachtaí, agus go háirithe chun críoch taighde agus oideachais, borradh a chur faoina n-iarrachtaí modhanna ainmhithe a laghdú agus páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt cur chuige malartach.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.11144 — COLT TECHNOLOGY SERVICES GROUP / LUMEN EMEA BUSINESS)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 290/02)

An 9 Lúnasa 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin 'mBeartas iomaíochta' atá ag an gCoimisiún (https://competition-cases.ec.europa.eu/search). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11144. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

III

*(Gníomhartha ullmhúcháin)*

# AN BANC CEANNAIS EORPACH

**TUAIRIM ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 5 Iúil 2023**

**maidir le togra le haghaidh athchóiriú ar an rialachas eacnamaíoch san Aontas**

**(CON/2023/20)**

(2023/C 290/03)

***Réamhrá agus bunús dlí***

An 12 Bealtaine agus an 27 Meitheamh 2023, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarrataí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Pharlaimint na hEorpa, faoi seach, ar thuairim maidir le togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhordú éifeachtach beartas eacnamaíoch agus faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (dá ngairtear 'rialachán ua maidir leis an ngéag choisctheach maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF) atá beartaithe' anseo feasta) ([1]). An 12 Bealtaine 2023, fuair BCE iarrataí ar thuairim ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le togra le haghaidh rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach ([2]) agus soiléiriú a dhéanamh air (dá ngairtear 'na leasuithe ar an rialachán maidir le creataí ceartaitheacha CCF atá beartaithe ' anseo feasta) agus maidir le togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE ón gComhairle maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha na mBallstát (dá ngairfear 'tograí an Choimisiúin' anseo feasta) ([3]) — an dara ceann, mar aon leis an rialachán nua maidir le géag choisctheach CCF atá beartaithe agus na leasuithe ar an rialachán maidir le géag choisctheach CCF atá beartaithe dá ngairtear 'tograí an Choimisiúin' anseo feasta.

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt maidir leis an rialachán nua maidir le géag choisctheach CCF atá beartaithe agus maidir leis na leasuithe ar an treoir maidir le creataí buiséadacha atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 127(4) agus Airteagal 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ós rud é go bhfuil comhordú éifeachtach na mbeartas eacnamaíoch agus an fhaireachais bhuiséadaigh iltaobhaigh ábhartha do phríomhchuspóir an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun faoi Airteagal 127(1) agus Airteagal 282(2) CFAE agus faoi Airteagal 2 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt ar na leasuithe atá beartaithe ar an rialachán maidir le brainse ceartaitheach CCF bunaithe ar an dara fomhír d'Airteagal 126(14) CFAE, lena bhforáiltear go nglacfaidh an Chomhairle, tar éis di dul i gcomhairle, inter alia, le BCE, na forálacha iomchuí maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach, atá ábhartha freisin do chuspóir príomha CEBC.

I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

***Barúlacha ginearálta***

Is díol sásaimh do BCE na tograí ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais. Is é is aidhm don athchóiriú inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí, frith-thimthriallacht an bheartais fhioscaigh a chosaint, cur chuige meántéarmach a ghlacadh maidir le beartais bhuiséadacha, chomh maith le simpliú agus úinéireacht náisiúnta mhéadaithe an chreata a bhaint amach. Aithníonn sí freisin go dtreisíonn athchóirithe, infheistíocht agus inbhuanaitheacht

([1]) COM(2023) 240 final.
([2]) COM(2023) 241 final.
([3]) COM(2023) 242 final.

fhioscach a chéile agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a chothú le cur chuige comhtháite. Ar deireadh, tá sé d'aidhm ag an athchóiriú forfheidhmiú níos éifeachtaí a áirithiú. Chun tacú leis na cuspóirí sin a bhaint amach, cuireann BCE roinnt barúlacha agus moltaí sonracha teicniúla ar fáil maidir leis na tograí ón gCoimisiún, d'fhonn an creat nua a fheabhsú tuilleadh agus a áirithiú go mbeidh sé níos trédhearcaí agus níos intuartha.

Tá creat láidir de chuid an Aontais maidir le comhordú agus faireachas beartais eacnamaíoch agus fhioscaigh chun leasa an Aontais Eorpaigh, na mBallstát agus, go háirithe, an limistéir euro ([4]). Leagann BCE béim ar a thábhachtaí atá seasaimh fhioscacha inbhuanaithe do chobhsaíocht praghsanna agus d'fhás inbhuanaithe in Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) a fheidhmíonn go rianúil ([5]). Leis an athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, féadfar coigeartú réalaíoch, céimseach agus marthanach a chur ar fáil maidir leis an bhfiachas poiblí, mar aon le beartais struchtúracha náisiúnta a bhfuil gá leo a éascú.

Áitíonn BCE ar reachtóirí an Aontais teacht ar chomhaontú maidir le hathchóiriú chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais a luaithe is féidir, agus faoi dheireadh 2023 ar a dhéanaí. Ós rud é go ndéanfar an clásal éalaithe ginearálta atá sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú faoin am sin ([6]), bheadh comhaontúden sórt sin ríthábhachtach chun ionchais maidir le hinbhuanaitheacht fiachais agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a dhaingniú. Mura dtiocfar ar chomhaontú go pras maidir le creat fioscach atá inchreidte, trédhearcach agus intuartha agus mura gcuirfear creat fioscach atá inchreidte, trédhearcach agus intuartha i bhfeidhm, d'fhéadfaí éiginnteacht a chruthú agus moill mhíchuí a chur ar an gcoigeartú fioscach a bhfuil gá leis agus an spreagadh le haghaidh athchóirithe agus infheistíochta.

Leagann BCE béim ar na cúiseanna seo a leanas le creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe. Ar an gcéad dul síos, treisíonn cóimheasa fiachais rialtais agus ilchineálacht fiachais tar éis phaindéim an choróinvíris an gá atá le comhordú éifeachtach ar sheasaimh fhioscacha trí CCF. Tá sé tábhachtach coigeartú réalaíoch, céimseach agus marthanach a dhéanamh ar an bhfiachas poiblí, agus an t-ionchas atá ann faoi láthair don fhás agus don bhoilsciú á chur san áireamh, chun inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus chun an spás fioscach a atógáil roimh an gcor chun donais a bheidh ann amach anseo. Ar an dara dul síos, tá sé ríthábhachtach an beartas fioscach a dhéanamh níos frith-thimthriallaí. Tá gá le gníomhaíocht dhiongbháilte le linn cúluithe eacnamaíocha chun forbairtí eacnamaíocha díobhálacha a sheachaint, ach tá sé ríthábhachtach freisin go ndéanfar maoláin a atógáil a luaithe a bheidh an geilleagar ar ais go daingean ar an mbóthar ceart, chun inbhuanaitheacht an fhiachais a áirithiú. Trí rannchuidiú go héifeachtach le cobhsú maicreacnamaíoch le linn suaití móra, tacaíonn beartas fioscach frith-thimthriallach leis an mbeartas airgeadaíochta chun cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach sa mheántéarma. Ar an tríú dul síos, tá sé ríthábhachtach go leagfar síos leis an gcreat rialachais eacnamaíoch réamhchoinníollacha chun go mbeidh beartais eacnamaíocha níos fabhraí don fhás. Ba cheart athchóirithe struchtúracha, infheistíocht agus inbhuanaitheacht fhioscach a chomhtháthú ar bhealach níos fearr san fhaireachas fioscach agus maicreacnamaíoch, lena n-áirítear faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha (NMM) ([7]). Thairis sin, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, go háirithe gealltanais aeráide an Aontais agus na mBallstát faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh ([8]), beidh gá le hinfheistíocht shuntasach phríobháideach agus phoiblí, arna n-éascú le beartais struchtúracha chomhlántacha. Chun cobhsú inchreidte a dhéanamh ar chóimheasa fiachais phoiblí, tá gá le beartais eacnamaíocha atá fabhrach don fhás, lena n-áirítear infheistíocht phoiblí, ar gá iad a dhreasú go hiomchuí i gcreat athchóirithe rialachais eacnamaíoch an Aontais. Go deimhin, má chuirtear chun feidhme go héifeachtach é, tacóidh NextGenerationEU, agus go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus léireoidh sé an acmhainneacht a bhaineann le gníomhaíocht ar fud an Aontais. Ach beidh gá le níos mó acmhainní agus infheistíochta ar leibhéal an Aontais, chomh maith le hinfheistíocht leanúnach, arna maoiniú ar bhonn náisiúnta, lena n-éilítear foinsí breise ioncaim nó caiteachas a athbhunú, go háirithe i mBallstáit a bhfuil cóimheasa fiachais ardaithe acu. Ar an gceathrú dul síos, ba dhíol sásaimh do BCE tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le gnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais a bhaineann leis an limistéar euro, amhail comhordú níos éifeachtaí ar sheasamh fioscach an limistéir euro agus bunú buanacmhainneacht fhioscach lárnach atá deartha go hiomchuí. Ar bhonn níos leithne, tá sé ríthábhachtach struchtúr eacnamaíoch agus institiúideach AEA a thabhairt chun críche chun acmhainn ionsúcháin turrainge an limistéir euro a neartú agus chun cobhsaíocht agus fás a chothú ([9]).

---

([4]) Féach mír 1.1 de Thuairim CON/2018/25 ón mBanc Ceannais Eorpach an 11 Bealtaine 2018 maidir le togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos forálacha chun freagracht fhioscach agus treoshuíomh buiséadach meántéarmach sna Ballstáit a neartú (IO C 261, 25.7.2018, lch. 1). Tá tuairimí uile BCE ar fáil ar EUR-Lex.

([5]) Féach an freagra ó Eurochóras ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach 'Geilleagar an Aontais tar éis COVID-19: impleachtaí don rialachas eacnamaíoch' (*The EU economy after COVID-19: implications for economic governance*), 1 Nollaig 2021, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BCE ag www.ecb.europa.eu

([6]) Féach an Coimisiún Eorpach, 'Treoir bheartais fhioscach do 2024: Inbhuanaitheacht fiachais agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn' (*Fiscal policy guidance for 2024: Promoting debt sustainability and sustainable and inclusive growth*), 8 Márta 2023.

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

([8]) Comhaontú Pháras arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4). Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus Rialachán (AE) 2018/1999 ('an Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

([9]) Féach 'Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa a Chomhlánú', Tuarascáil ó Jean-Claude Juncker, i ndlúthchomhar le Donald Tusk, Jeroen Dijsselbloem, Mario Draghi agus Martin Schulz, 22 Meitheamh 2015, lch. 4, ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.ec.europa.eu. Féach freisin na Tuairimí Ginearálta ar Thuairim CON/2018/51 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Samhain 2018 maidir le togra le haghaidh rialachán maidir le Sásra Eorpach um Chobhsú Infheistíochtaí a bhunú (IO C 444, 10.12.2018, lch. 11); mír 1.3 de Thuairim CON/2019/37 ón mBanc Ceannais Eorpach an 30 Deireadh Fómhair 2019 maidir le togra le haghaidh rialachán maidir le creat rialachais le haghaidh na hionstraime buiséadaí um chóineasú agus um iomaíochas don limistéar euro (IO C 408, 4.12.2019, lch. 3).

***Barúlacha sonracha***

1. **Inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus coigeartú fioscach**

1.1 *Ról na hanailíse ar inbhuanaitheacht fiachais*

1.1.1 Tuigeann BCE faoi rialachán nua maidir le géag choisctheach CCF atá beartaithe go mbeidh ról tábhachtach ag an Anailís ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais (*Debt Sustainability Analysis*, DSA) a d'ullmhaigh an Coimisiún maidir leis na conairí teicniúla a dhearadh le haghaidh glanchaiteachas rialtais arna cur ar aghaidh ag an gCoimisiún chun treoir a thabhairt do na Ballstáit ([10]).. Is uirlis luachmhar é DSA an Choimisiúin chun rioscaí fioscacha nach bhfuil gafa go leordhóthanach i leibhéil fiachais taifeadta a shainaithint, mar shampla, costais amach anseo a bhaineann le haosú, dliteanais theagmhasacha, agus comhdhéanamh aibíochta fiachais. Chun inmhacasamhlú, intuarthacht agus trédhearcacht DSA agus cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata ar fud na mBallstát agus ama a áirithiú, leagann BCE béim ar an ngá atá ann an mhodheolaíocht atá mar bhonn agus mar thaca ag DSA an Choimisiúin a shonrú i gcomhairle leis na Ballstáit agus le tacaíocht uathu. Thairis sin, b'fhiú freisin do BCE dul i gcomhairle leis an mBord Fioscach Eorpach maidir leis an modheolaíocht sin.

1.1.2 Is díol sásaimh do BCE go ndíríonn conair theicniúil an Choimisiúin ar ghlanchonair chaiteachais nach mbeadh ag brath, i bprionsabal, ar mheastacháin bhliantúla fíor-ama ar an mbearna aschuir dhobhraite. D'fhéadfadh sé sin feabhas a chur ar fhrith-thimthriallacht an bheartais fhioscaigh, lena n-áirítear luaineacht an ioncaim a eascraíonn as dálaí timthriallacha. Chun soiléireacht na dtograí ón gCoimisiún a fheabhsú tuilleadh, molann BCE go ndéanfaí an sainmhíniú ar 'glanchaiteachas' a shonrú tuilleadh ([11]) chun na gnéithe seo a leanas a shoiléiriú. Ba cheart don sainmhíniú an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) míniú a thabhairt an mbeadh conair an ghlanchaiteachais sainithe i dtéarmaí ainmniúla nó i dtéarmaí réadacha; (b) soiléiriú agus meastóireacht a dhéanamh ar an modheolaíocht chun bearta lánroghnacha ioncaim atá le hasbhaint ón ollchaiteachas a ríomh agus (c) a mhéid a bheadh ríomh an táscaire ag brath ar ítimí inbhraite a shoiléiriú, go háirithe tríd an modheolaíocht a shoiléiriú chun na gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta a ríomh

1.1.3 Leis an rialachán nua maidir le géag choisctheach CCF atá beartaithe, ceanglaítear go n-áiritheofar leis an gconair theicniúil do ghlanchaiteachas go gcuirfear an cóimheas fiachais phoiblí ar bhealach sochreidte síos nó go bhfanfaidh sé ar bhealach stuama ([12]). Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún a anailís ar shochreidteacht agus ar na sonraí bunúsacha a mheasúnú agus a fhoilsiú ([13]). Molann BCE gur cheart na príomhpharaiméadair agus na príomhthoimhdí is bonn leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht a mhionsaothrú tuilleadh sna tograí ón gCoimisiún ([14]). Thairis sin, is díol sásaimh do BCE agus tacaíonn sé leis go ndéanfar an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, ina bhfuil na conairí teicniúla, a phoibliú sula n-ullmhóidh na Ballstáit a bpleananna meántéarmacha náisiúnta maidir le struchtúr fioscach (dá ngairtear na 'pleananna náisiúnta' anseo feasta) ([15]). Ina theannta sin, molann BCE go bhforbrófaí comhchreat i leith 'argóintí eacnamaíocha fónta infhíoraithe' nach mór do na Ballstáit a chur ar aghaidh ina bpleananna náisiúnta nuair a áirítear leo conair ghlan chaiteachais níos airde ná an chonair a chuir an Coimisiún ar aghaidh ([16]).

1.2 *Coimircí*

Meabhraíonn BCE go dtagraíonn Airteagal 126(2), pointe (b), CFAE do chásanna ina bhfuil an cóimheas idir an fiachas rialtais agus an olltáirgeacht intíre (OTI) 'ag laghdú go leordhóthanach agus ag druidim leis an luach tagartha ar luas sásúil' ([17]). I bhfianaise an ghá atá ann a sheachaint go gcobhsáitear fiachas ar leibhéil arda, is díol sásaimh do BCE go n-áirítear sna tograí ón gCoimisiún roinnt coimircí a thacaíonn le fiachas agus easnamh a laghdú, go háirithe

([10]) Féach Airteagal 5 agus Airteagal 6 agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag choisctheach CCF atá Beartaithe. Féach freisin, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, dar teideal '*Communication on orientations for a reform of the EU economic governance framework*' (Teachtaireacht maidir le treoshuíomhanna le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais), COM(2022) 583 final, an 9 Samhain 2022.

([11]) Mar shampla, in Airteagal 2, pointe (2), agus/nó in Iarscríbhinn II, pointe (a), den rialachán nua maidir le coisctheach CCF atá Beartaithe.

([12]) Féach Airteagal 6, pointe (a) a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([13]) Féach Airteagal 8 agus Iarscríbhinn V a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([14]) Go háirithe, d'fhéadfaí é sin a áireamh in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe

([15]) Féach Airteagal 5 a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([16]) Féach Airteagal 11(2) a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([17]) Féach freisin Airteagal 1, pointe (1), de na leasuithe atá Beartaithe ar an rialachán maidir le brainse ceartaitheach CCF, lena leasaítear Airteagal 2(1d) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6).

trína áirithiú go mbeartaítear leis an gconair fhioscach cóimheas fiachais phoiblí níos ísle ag deireadh na tréimhse pleanála ná mar a bhí ag tús na conaire teicniúla, trí chúllódáil an choigeartaithe fhioscaigh do bhlianta seachtracha na tréimhse coigeartaithe a sheachaint, agus trí choigeartú íosta a mholadh do na blianta ina meastar go sáróidh an t-easnamh an luach tagartha 3 % ([18]). Tuigeann BCE go bhfuil saincheist na gcoimircí faoi réir plé leanúnach agus measann sé go bhfuil gá le cothromaíocht idir castacht agus úinéireacht ar thaobh amháin agus éifeachtacht an laghdaithe fiachais ar an taobh eile chun a áirithiú go gcuirfear fiachas ar bhealach laghdaithe a bheidh difreáilte go hiomchuí.

## 2. Pleananna meántéarmacha náisiúnta maidir le struchtúr fioscach

### 2.1 *Athchóirithe agus infheistíochtaí*

Is réamhriachtanas í an infheistíocht tháirgiúil don fhás eacnamaíoch a thacódh le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach nach rachadh coigeartú fioscach chun dochair don infheistíocht, go háirithe infheistíocht a thacaíonn le comhthosaíochtaí an Aontais. Chuige sin, ba cheart faireachán éifeachtach a dhéanamh ar leibhéal agus ar cháilíocht na hinfheistíochta poiblí. Ina theannta sin, aontaíonn BCE go bhfuil géarghá le hathchóirithe lena gcothaítear an fás a chothú. Ar an gcúis sin, tá úinéireacht náisiúnta ar phleananna náisiúnta na mBallstát bunriachtanach. Cuireann BCE i bhfios go láidir gur cheart an t-idirphlé teicniúil idir na Ballstáit agus an Coimisiún faoin rialachán nua maidir le lámh choisctheach CCF, ar gné thábhachtach den úinéireacht náisiúnta ([19]) é, a dhéanamh ar bhealach rianúil, trédhearcach agus intuartha. Ba cheart an t-idirphlé teicniúil a struchtúrú agus a mhionsonrú mar is ceart chun ábhar na bpleananna náisiúnta a shonrú go soiléir. Dá bhrí sin, molann BCE go n-áireofaí leibhéal níos airde sonraí ar na ceanglais le haghaidh na n-athchóirithe agus na ngealltanas infheistíochta atá le cur san áireamh i ngach plean náisiúnta sa rialachán maidir le brainse coisctheach nua CCF atá beartaithe ([20]).

### 2.2 *Tréimhse choigeartúcháin*

Foráiltear leis an rialachán nua maidir le géag coisctheach CCF nach mór do phleananna náisiúnta na mBallstát conair ghlanchaiteachais a thíolacadh lena gcumhdófar tréimhse ceithre bliana ar a laghad ([21]). I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí, féadfar síneadh suas le trí bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin ([22]). Tá tréimhse ama den sórt sin fada agus síneann sé thar ghnáth-thimthriall toghchánach agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé bac a chur ar chomhlíonadh na ngealltanas sin. Dá bhrí sin, tacaíonn BCE le húsáid stuama a bhaint as síntí ar phleananna náisiúnta agus leagann sé béim ar an ngá atá le gealltanais le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí breise chun teacht chun cinn go hiomlán. Thairis sin, tá dhá mholadh ag BCE maidir leis an tréimhse choigeartaithe agus maidir lena fadú. Ar an gcéad dul síos, is díol sásaimh do BCE an ceanglas nach mór do gach ceann de na gealltanais athchóiriúcháin agus infheistíochta atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartaithe a bheith mionsonraithe, tús-ualaithe, faoi cheangal ama agus infhíoraithe go leor ([23]). Chun a áirithiú go bhfuil an mhodheolaíocht sách soiléir agus trédhearcach, molann BCE go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar an gcreat measúnaithe chun gealltanais na mBallstát ([24]) a mheasúnú. Go háirithe, ba cheart a áirithiú go gcuideoidh na gealltanais sin leis an bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann agus, dá bhrí sin, le hinbhuanaitheacht fiachais. Thairis sin, molann BCE go n-áireofaí coimircí breise chun méadú ar infheistíocht a áirithiú le haghaidh tosaíochtaí beartais criticiúla amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus go ndéanfaí gealltanais athchóirithe agus infheistíochta a thúsualú go leordhóthanach, ar an gcaoi chéanna leis na coimircí atá i bhfeidhm cheana féin le haghaidh coigeartú fioscach ([25]). Ar an dara dul síos, go dtí 2026, féadfar na gealltanais athchóiriúcháin agus infheistíochta a áirítear i bpleananna formheasta téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát a chur san áireamh le haghaidh síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin ([26]). Cé gur díol sásaimh dó an breithniú ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta, molann BCE go n-áiritheofaí leis an gcreat measúnaithe go bhfuil sciar suntasach de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a chuir na Ballstáit chun cinn sa bhreis ar na gealltanais atá ann cheana.

---

([18]) Féach Airteagal 6, pointí (c) agus (d), Airteagal 15(2) agus Iarscríbhinn I, pointe (c), a ghabhann leis an rialachán maidir le géag choisctheach nua CCF atá Beartaithe. Féach Airteagal 1, pointe (2), de na leasuithe atá Beartaithe ar an rialachán maidir le géag choisctheach CCF, lena leasaítear Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle, agus Airteagal 1, pointe (4), de na leasuithe atá Beartaithe ar an rialachán maidir le géag choisctheach CCF, lena leasaítear Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle.

([19]) Féach Airteagal 10 a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([20]) Féach Airteagal 11, 12 agus 14 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag choisctheach CCF atá Beartaithe.

([21]) Féach Airteagal 5 agus Airteagal 11(1) a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([22]) Féach Airteagal 13(1) a ghabhann leis an rialachán maidir le géag chioisctheach CCF.

([23]) Féach Airteagal 13(3) a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([24]) Féach Airteagal 13(5) agus Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([25]) Féach Airteagal 6, pointí (c) agus (d), agus Airteagal 15(2) a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([26]) Féach Airteagal 13(4) a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

2.3 *Pleananna náisiúnta athbhreithnithe*

Sa rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá beartaithe, leagtar amach an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit plean náisiúnta athbhreithnithe a thíolacadh má tá imthosca oibiachtúla ann lena gcuirtear cosc ar chur chun feidhme an phlean bunaidh, nó má iarrann rialtas nua plean náisiúnta nua a chur isteach ([27]) Molann BCE go sonrófaí sa rialachán nua maidir le brainse coisctheach CCF na himthosca oibiachtúla a mheasfaí a bheith ábhartha agus soiléiríonn sé conas a mheasann an Coimisiún an coigeartú a rinneadh roimhe seo ar an mBallstát lena mbaineann, nó an easpa coigeartaithe sin, agus a chonair theicniúil nua á hullmhú aige. Ina theannta sin, molann BCE go n-áiritheofaí le rialachán nua maidir le géad choisctheach CCF atá beartaithe nach gceadófar leis an bplean athbhreithnithe cúllódáil a dhéanamh ar athchóirithe agus infheistíochtaí.

3. **Idirghníomhaíocht leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha**

3.1 Is díol sásaimh do BCE an faireachán iomlánaíoch a dhéantar ar ghealltanais náisiúnta maidir le hathchóiriú struchtúrach, mar aon le hinfheistíochtaí agus beartais fhioscacha, mar chuid de na pleananna náisiúnta, le haghaidh na mbeartas struchtúrach náisiúnta uile, go háirithe iad siúd lena bhféadfaí cosc agus ceartú míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a éascú, mar a dhéantar faireachán orthu faoin nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch ([28]).

3.2 Is díol sásaimh do BCE an ceanglas atá ar phleananna náisiúnta aghaidh a thabhairt ar mholtaí tír-shonracha an Aontais, lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a sainaithníodh faoin NMM ([29]). Molann BCE go ndíreofaí sna pleananna náisiúnta ar aghaidh a thabhairt ar na príomhrioscaí a bhaineann le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha don inbhuanaitheacht fhioscach, do chaillteanais leanúnacha iomaíochais, agus do mhíchothromaíochtaí móra seachtracha.

3.3 Foráiltear leis an rialachán nua maidir le brainse coisctheach CCF, i gcás ina mainníonn Ballstát na gealltanais athchóiriúcháin agus infheistíochta a áirítear ina phlean náisiúnta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí tír-shonracha atá ábhartha don nós imeachta do mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch, agus i gcás ina ndéanann míchothromaíochtaí iomarcacha difear don Bhallstát lena mbaineann, go bhféadfar nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha (NMI) a oscailt, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]) ([31]). Sa chás sin, ní mór don Bhallstát plean náisiúnta athbhreithnithe a thíolacadh, a fheidhmíonn freisin mar an plean gníomhaíochta ceartaithí a cheanglaítear faoi Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Tá dhá bharúil ag BCE ina leith sin. Ar an gcéad dul síos, i bhfianaise chineál athraitheach na ndúshlán maicreacnamaíoch, measann BCE go mbeadh sé ina chabhair dá bhféadfadh an creat coigeartuithe ar na pleananna náisiúnta a éascú beag beann ar cibé acu a osclaítear nó nach n-osclaítear NMI. Áirithítear leis sin gur féidir athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a choigeartú chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus na dúshláin maicreacnamaíocha uile atá ag teacht chun cinn ar bhealach níos forleithne ar bhealach tráthúil éifeachtach. Ar an dara dul síos, tugann BCE dá aire go raibh forfheidhmiú i ndáil le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ina phríomhábhar imní faoin gcreat rialachais eacnamaíoch atá ann cheana. Cuireann BCE i bhfios go láidir gur cheart na nósanna imeachta chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú a chinneadh trí thruicearshásraí trédhearcacha agus éifeachtacha, lena n-áirítear na cinntí nós imeachta a chur in iúl go mionsonraithe ([32]). Chun a áirithiú go dtabharfaidh na Ballstáit aghaidh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ar bhealach tráthúil agus éifeachtach, agus mar a thug an Chomhairle ([33]) dá haire, cuireann BCE chun suntais gur cheart leas iomlán a bhaint as an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ar bhealach trédhearcach agus comhsheasmhach, lena n-áirithítear úinéireacht na mBallstát ar an nós imeachta, lena n-áirítear NMI a ghníomhachtú i gcás inarb infheidhme.

4. **Comhlíonadh agus forfheidhmiú**

4.1 *Comhlíonadh sásúil na ngealltanas ag na Ballstáit atá mar bhonn taca le síneadh a chur le tréimhse choigeartaithe*

Foráiltear leis an rialachán maidir le brainse coisctheach nua CCF, i gcás inar deonaíodh síneadh ar an tréimhse choigeartaithe is infheidhme do Bhallstát ach nach gcomhlíonann sé a shraith gealltanas athchóiriúcháin agus infheistíochta atá mar bhonn taca leis an síneadh go sásúil, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar mholadh ón gCoimisiún, conair ghlanchaiteachais athbhreithnithe ag a bhfuil tréimhse choigeartúcháin níos giorra a mholadh ([34]). Sa

([27]) Féach Airteagal 14(1) a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([28]) Féach Airteagal 11(1), Airteagal 12, pointe (b), Airteagal 13(2) agus Airteagail 16 agus 30 den rialachán nua maidir le géag choisctheach CCF atá Beartaithe.

([29]) Féach Airteagal 11 agus Airteagal 12(1) a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([30]) Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

([31]) Féach Airteagal 30 a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([32]) Féach mír 18 de Thuairim CON/2011/13 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Feabhra 2011 maidir le hathchóiriú an rialachais eacnamaíoch san Aontas Eorpach (IO C 150, 20.5.2011, lch. 1).

([33]) Féach preaseisiúint ón gComhairle an 12 Iúil 2022, 'Nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha: Conclúidí glactha ag an gComhairle' (*Macroeconomic imbalance procedure: Council adopts conclusions*), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag www.consilium.europa.eu

([34]) Féach Airteagal 19 a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

chomhthéacs sin, leagann BCE béim ar an ngá atá le faireachán agus forfheidhmiú tráthúil, leordhóthanach agus trédhearcach a áirithiú ar chomhlíonadh a ngealltanas athchóirithe agus infheistíochta ag na Ballstáit chun cobhsaíocht fhioscach agus mhaicreacnamaíoch a áirithiú. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith níos fearr, sa chás seo, go gcuirfí d'oibleagáid ar an gComhairle, sa chás seo, le rialachán nua maidir le brainse coisctheach CCF, gníomhú ar mholadh ón gCoimisiún, i gcomhréir leis an bprionsabal 'comhlíon nó mínigh' ([35]), conair ghlanchaiteachais athbhreithnithe a mholadh le tréimhse choigeartúcháin níos giorra ([36]). Ar an gcaoi sin, tugann BCE dá aire an tagairt a rinne an Coimisiún don obair atá le déanamh chun uirlis forfheidhmithe nua a fhorbairt ([37]). Ba dhíol sásaimh do BCE sonraí breise na huirlise forfheidhmiúcháin nua, nach bhfuil mar chuid de thograí an Choimisiúin go fóill.

4.2 *Measúnú ar dhúshláin shuntasacha inbhuanaitheachta an fhiachais phoiblí agus ar thosca ábhartha eile i gcomhthéacs na tuarascála ón gCoimisiún faoi Airteagal 126(3) CFAE*

Is díol sásaimh do BCE go n-áirítear méid na ndúshlán maidir le hinbhuanaitheacht fiachais phoiblí an Bhallstáit lena mbaineann mar phríomhthoisc ábhartha chun nós imeachta um easnamh iomarcach (NEI) a oscailt ([38]). I bhfianaise a thábhachtaí atá an measúnú ar thosca ábhartha chun NEI a chur chun feidhme, iarrann BCE go mbeadh cur chuige modheolaíochta dea-shainithe agus trédhearcach ann chun measúnú a dhéanamh ar na tosca sin a bheidh le cur san áireamh sna leasuithe atá beartaithe ar an rialachán maidir le brainse ceartaitheach CCF.

4.3 *Dearadh an ghlanchonair cheartaithigh chaiteachais*

Leagann BCE béim ar an ngá atá le fiachas iomarcach agus easnaimh iomarcacha a cheartú de réir a chéile ach go tapa. Sa chomhthéacs sin, aithníonn sí gur tugadh isteach coimircí lena mbeartaítear teorainn a chur leis an riosca go ndéanfaí an coigeartú fioscach a chúllódáil i ndáil leis an gcaoi a gcaithfidh conair cheartaitheach an chaiteachais aghaidh a thabhairt ar an gcóimheas fiachais ([39]). Is díol sásaimh do BCE an ceanglas uimhriúil i ndáil le heasnaimh, ag dearbhú go gcaithfidh conair an ghlanchaiteachais cheartaitheach a bheith comhsheasmhach le coigeartú íosta sna blianta ina meastar go sáróidh easnamh ginearálta an rialtais an luach tagartha. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú conas a dhéantar an coigeartú sin a thomhas. Tugann BCE dá aire, áfach, go mbainfí, leis na leasuithe ar an rialachán maidir le géag chioisctheach CCF ([40]), an ceanglas atá ann faoi láthair nach mór don mholadh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE spriocdháta sonrach a leagan síos chun an t-easnamh iomarcach a cheartú, 'a chuirfear i gcrích an bhliain tar éis a shainaitheanta mura bhfuil imthosca speisialta ann' ([41]).

4.4 *An cuntas rialaithe*

Is díol sásaimh do BCE an ceanglas atá ar an gCoimisiún cuntas rialaithe a chur ar bun chun súil a choinneáil ar dhialltaí carnacha, suas agus anuas, den ghlanchaiteachas iarbhír ón mbealach glanchaiteachais ([42]). Is gné ríthábhachtach é sin chun comhlíonadh a áirithiú agus chun tacú le frith-thimthriallacht na rialach tríd an bhféidearthacht maoláin fhioscacha a thógáil in aimsir an ratha eacnamaíoch, rud is féidir a úsáid le linn drochaimsire eacnamaíocha. Cuirtear an fhaisnéis sa rialú san áireamh i gcomhthéacs thuarascáil an Choimisiúin faoi Airteagal 126(3) CFAE ([43]), agus dá bhrí sin is toisc thábhachtach í a bhaineann le nós imeachta um easnamh iomarcach a oscailt. Ar an gcúis sin, molann BCE gur cheart feidhmiú agus príomhpharaiméadair an chuntais rialaithe a shonrú tuilleadh. Thairis sin, molann BCE gur cheart ríomhanna tírshonracha agus stádas gach Ballstáit

([35]) Féach Airteagal 27 a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([36]) Féach Airteagal 19 a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe. D'fhéadfaí an dréachtú a leasú chun an méid seo a leanas a shonrú: *'[...] molfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, conair ghlan caiteachais athbhreithnithe lena ngabhann tréimhse choigeartúcháin níos giorra'.*

([37]) Féach freisin, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, dar teideal 'Teachtaireacht maidir le treoshuíomhanna le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais (*Communication on orientations for a reform of the EU economic governance framework*), COM(2022) 583 final, an 9 Samhain 2022.

([38]) Airteagal 1, pointe (1), de na leasuithe ar an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle.

([39]) Féach Airteagal 1, pointe (2), de na leasuithe ar an rialachán maidir le géag choisctheach CCF atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle; féach Airteagal 1, pointe (4), de na leasuithe ar an rialachán maidir le géag choisctheach CCF atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle.

([40]) Airteagal 1, pointe (2), de na leasuithe ar an rialachán maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle.

([41]) Féach Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle.

([42]) Féach Airteagal 21, dara mhír, agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag choisctheach nua CCF atá Beartaithe.

([43]) Airteagal 1, pointe (1), de na leasuithe ar an rialachán maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 2(3), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle.

faoin gcuntas rialaithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, in éineacht le réamhaisnéisí earraigh agus fómhair an Choimisiúin más féidir. Ar deireadh, mholfadh BCE go dtabharfaí isteach tairseach do dhialltaí glanchaiteachas iarbhír ón gconair ghlanchaiteachais, rud a spreagfadh ceanglas ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú faoi Airteagal 126(3) CFAE ([44]).

## 5. Ról na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha agus an Bhoird Fioscaigh Eorpaigh

5.1 Trí ról na gcomhlachtaí neamhspleácha sa phróiseas faireachais fhioscaigh a neartú, is féidir cabhrú leis na claontaí comhthimthriallacha a bhaineann go dlúth le ceapadh beartais fhioscaigh a laghdú agus, ag an am céanna, tacú le húinéireacht náisiúnta, rud atá bunriachtanach chun an creat a chur chun feidhme ar bhonn marthanach ([45]). Dá bhrí sin, tacaíonn BCE le forálacha na dtograí a bhfuil sé d'aidhm acu ról na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha (IFNanna) a neartú ([46]) trí cheanglais a bhaineann lena rialachas agus lena neamhspleáchas a chur san áireamh agus cúraimí a shannadh dóibh a ([47]) théann níos faide ná na cúraimí atá orthu cheana faoi Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([48]). Go háirithe, is díol sásaimh do BCE go bhfuil an prionsabal 'comhlíon-nó-mínigh' daingnithe i reachtaíocht an Aontais. Tacaíonn BCE le ról na n-IFNanna a neartú, ar choinníoll go gcuirfear feabhas ar a gcumas foriomlán i gcomhréir lena gcúraimí breise, agus go n-áiritheofar a n-acmhainní leordhóthanacha cobhsaí féin chun a sainordú a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach ([49]).

5.2 Molann BCE, faoi réir neartú acmhainneachta thuasluaite agus gan dochar do ról an Choimisiúin faoi na Conarthaí, go bhféadfaí ról na n-IFNanna faoin rialachán maidir le géag choisctheach atá beartaithe a fheabhsú tuilleadh trí ról a thabhairt dóibh in ullmhú phleananna náisiúnta na mBallstát agus sa mheasúnú ar spriocanna neamh-inchainníochtaithe (mar shampla, ar thionchar na n-athchóirithe). D'fhéadfadh Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais measúnú a dhéanamh ar na toimhdí bunúsacha, ar chomhsheasmhacht an phlean náisiúnta le conair theicniúil an Choimisiúin agus, i gcás inarb ábhartha, ar chreatúlacht na ngealltanas athchóiriúcháin agus infheistíochta. Ar an gcaoi chéanna, molann BCE go bhféadfaí rannpháirtíocht na n-IFNanna faoi na leasuithe atá beartaithe ar an rialachán maidir le lámh cheartaitheach CCF a neartú tuilleadh trína cheangal ar an IFN tuairim a ullmhú freisin maidir le hanailís an Choimisiúin ar thosca ábhartha chun críocha na tuarascála faoi Airteagal 126(3) CFAE.

5.3 Ar deireadh, aithníonn BCE obair an Bhoird Fhioscaigh Eorpaigh ([50]) agus tacaíonn sé go hiomlán leis an rún atá ag an gCoimisiún féachaint ar bhearta chun é a neartú. Chuige sin, gan dochar d'inniúlacht an Choimisiúin, tacaíonn BCE le ról suntasach an Bhoird Fhioscaigh Eorpaigh i gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais ([51]). Go háirithe, is díol sásaimh do BCE go bhféadfadh an Bord Fioscach Eorpach tuairim a thabhairt chun bonn eolais a chur faoin moladh ón gComhairle maidir leis an gclásal ginearálta éalaithe a ghníomhachtú nó a leathnú i gcomhréir leis an rialachán nua maidir le géag choisctheach CCF atá beartaithe ([52]). Mar a luaitear thuas i mír 1.1.1 thuas, is fiú do BCE dul i gcomhairle leis an mBord Fioscach Eorpach maidir leis an modheolaíocht is bonn le DSA. Ina theannta sin, ba cheart ról an Bhoird Fhioscaigh Eorpaigh maidir le measúnú a dhéanamh ar staid fhioscach iomchuí an limistéir euro a fheabhsú freisin.

([44]) Mar shample, faoin Airteagal 1, pointe (1), de na leasuithe ar an rialachán maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle.

([45]) Féach an freagra ó Eurochóras ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach 'Geilleagar an Aontais tar éis COVID-19: impleachtaí don rialachas eacnamaíoch' an 19 Deireadh Fómhair 2021 ('The EU economy after COVID-19: implications for economic governance'), 1 Nollaig 2021.

([46]) Féach mír 2.4.1 de Thuairim CON/2018/25.

([47]) Féach Airteagal 1, pointe (8), de na leasuithe ar an treoir maidir le creataí buiséadacha atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 8 de Threoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh creataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41). Féach Airteagal 22 a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe. Féach Airteagal 1, pointe (1), de na leasuithe ar an rialachán maidir le géag choisctheach CCF atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle, agus Airteagal 1, pointe (3), de na leasuithe ar an rialachán maidir le géag choisctheach CCF atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 3(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle.

([48]) Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireachán agus measúnaithe ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú (IO L 140, 27.5.2013, lch. 11).

([49]) Féach Airteagal 1, pointe (8), de na leasuithe ar an treoir maidir le creataí buiséadacha atá Beartaithe, lena leasaítear Airteagal 8(3), pointe (c), de Threoir 2011/85/AE ón gComhairle.

([50]) Cinneadh (AE) 2015/1937 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2015 lena mbunaítear Bord Fioscach Eorpach neamhspleách (IO L 282, 28.10.2015, lch. 37).

([51]) Féach mír 22 de Thuairim CON/2011/13.

([52]) Féach Airteagal 24 a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

6. **Cumhachtaí tarmligthe an Choimisiúin chun na hiarscríbhinní a leasú**

6.1 Leis an rialachán maidir le géag choisctheach nua CCF atá beartaithe, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II go hIarscríbhinn VII a leasú, chun iad a oiriúnú chun forbairtí nó riachtanais bhreise a chur san áireamh go cuí ([53]).

6.2 Ós rud é gur cuid dhílis iad na hIarscríbhinní denrialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá beartaithe, molann BCE go n-áireofaí cheana féin sna hIarscríbhinní tuilleadh sonraí agus sonraíochtaí *ex ante*. Go háirithe, mar a tugadh faoi deara thuas, d'fhéadfaí tuilleadh sonraí a sholáthar maidir leis an bhfaisnéis sa phlean meántéarmach náisiúnta struchtúr fioscach (Iarscríbhinn II), sa chuntas rialaithe (Iarscríbhinn IV), sa mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht (Iarscríbhinn V), agus sa chreat measúnaithe don tacar gealltanas athchóiriúcháin agus infheistíochta atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartaithe (Iarscríbhinn VII).

6.3 Thairis sin, is mian le BCE béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dul i gcomhairle leis maidir le gach gníomh dlí tarmligthe agus cur chun feidhme a thagann faoina réimse inniúlachta, agus ar bhealach tráthúil, de bhun an chéad fhleasc d'Airteagal 127(4) agus Airteagal 282(5) CFAE ([54]).

7. **Caidreamh leis an gConradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas**

Is díol sásaimh do BCE cuspóir na dtograí ón gCoimisiún substaint an Chonartha ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (CCCR) a chomhtháthú i gcreat dlíthiúil an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 16 de ([55]). Léirmhínigh an Coimisiún substaint CCCRchun comhfhreagairt don Chomhshocrú Fioscach (Teideal III den CCCR). Thairis sin, tugann BCE dá aire go n-áirithítear le hAirteagal 2 den CCCR nach gá CCCR a leasú ná a aisghairm chun tograí ón gCoimisiún a ghlacadh. Ceanglaítear le hAirteagal 2(1) den CCCR nach mór do na páirtithe conarthacha CCCR a chur i bhfeidhm agus a léiriú i gcomhréir leis na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, go háirithe Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí nós imeachta aon uair is gá reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh. Thairis sin, luaitear in Airteagal 2(2) den CCCR go bhfuil feidhm ag an CCCR a mhéid atá sé ag luí leis na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe agus le dlí an Aontais, agus nach mór dó gan cur isteach ar inniúlacht an Aontais gníomhú i réimse an aontais eacnamaíoch. Dá bhrí sin, tuigeann BCE go mbeidh feidhm ag an CCCR go ndéanfar é a léirmhíniú i gcomhréir leis an gcreat nua rialachais eacnamaíoch nuair a ghlacfar na tograí ón gCoimisiún agus nuair a thiocfaidh siad i bhfeidhm.

8. **Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa a Chomhlánú**

I bhfianaise a thábhachtaí atá creat stóinsithe de chuid an Aontais chun beartas eacnamaíoch agus fioscach a chomhordú i gcomhthéacs an aontais airgeadaíochta, cuireann BCE i bhfios go láidir go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le gnéithe a bhaineann go sonrach leis an limistéar euro. Tá sé tábhachtach creat a fhorbairt chun faireachán agus stiúradh a dhéanamh ar staid fhioscach chomhiomlán an limistéir euro chun contrapháirt a sholáthar do bheartas airgeadaíochta, toisc gur féidir leis cabhrú lena áirithiú go gcomhlánaíonn beartas airgeadaíochta agus fioscach a chéile ar bhealach níos fearr. Thairis sin, tá gá fós le buanacmhainn lárnach fhioscach. D'fhéadfadh uirlis den sórt sin, má cheaptar go hiomchuí í, ról a imirt maidir le cobhsú maicreacnamaíoch agus cóineasú sa limistéar euro a fheabhsú san fhadtéarma, lena n-áirítear trí infheistíocht, agus ar an gcaoi sin tacú freisin leis an mbeartas airgeadaíochta aonair. Chuige sin, bheadh gá le buanacmhainn lárnach fhioscach a bheith leordhóthanach ó thaobh méide de agus cistiú buan a bheith aici ([56]).

([53]) Féach Airteagal 32 a ghabhann leis an rialachán nua maidir le géag chioisctheach CCF atá Beartaithe.

([54]) Féach Tuairim CON/2011/42 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Bealtaine 2011 maidir le togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/71/CE agus Treoir 2009/138/CE maidir le cumhachtaí an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde agus an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí; féach mír 8 de Thuairim CON/2011/44 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Bealtaine 2011 maidir leis an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach; féach mír 4 de Thuairim CON/2012/5 ón mBanc Ceannais Eorpach an 25 Eanáir 2012 maidir le togra le haghaidh Treorach maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta agus togra le haghaidh Rialacháin maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta; féach mír 1.9 de Thuairim CON/2018/1 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Eanáir 2018 maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh gnó Eorpach lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 agus lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó.

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Dath: buí ar dhath na tuí le déine éagsúil; san Ansonica, gealbhuí ar dhath na tuí; uaireanta le rian scothghlas sa Vermentino; ó bhándearg éadrom go caor-bhándearg sa *Rosato* /Rosé.

Cúr: fíneálta agus buan.

Boladh: fíneálta, boladh na gcaor, buan, níos éadroime san Ansonica, níos éadroime sa Vermentino, agus boladh níos sainiúla caor sa *Rosato*/Rosé.

Blas: dáileog ar bith go blas ríthirim, comhchuí san Ansonica; beoga, searbh, beagán géar sa *Rosato*/Rosé.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: *Bianco* agus *Rosato*: 10,50 %; Ansonica agus Vermentino: 11,00 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: *Bianco* 14.00 g/l; Ansonica, Vermentino, *Rosato*/Rosé: 16.00 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte) | |
| Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte) | |
| Aigéadacht iomlán íosta | 4.50 gram in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | |

## 5. Cleachtais fíonóireachta

### 5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Modh fíonóireachta *Vin Santo*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tar éis dul faoi phróiseas cúramach roghnúcháin, caithfear na fíonchaora a thriomú go nádúrtha in áitreabh oiriúnach go dtí go bhfuil cion leordhóthanach siúcra acu, sula bhfáisctear iad. Caithfear an fíon a dhéanamh, a stóráil, agus a thabhairt chun cineáil i gcoimeádáin adhmaid a bhfuil uasacmhainn 500 lítear acu, agus ní féidir é a scaoileadh lena thomhailt roimh 1 Márta na tríú bliana tar éis na bliana inar táirgeadh na fíonchaora.

2. *Modh fíonóireachta Governo all'uso toscano*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

An modh traidisiúnta, a cheadaítear don chineál *Rosso* agus Sangiovese, trína atosaítear an coipeadh go mall trí fhíonchaora dubha atá beagán triomaithe a chur leis (ar a laghad 10 kg in aghaidh an heictilítir) a bhfuil an coipeadh tosaithe acu, sula bhfáisctear iad.

5.2. *Táirgeacht uasta:*

1. *Bianco*, *Bianco Riserva* agus *Spumante*

   13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. *Bianco*, *Bianco Riserva* agus *Spumante*

   91.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. *Rosso*, *Rosso Riserva*, *Rosato*, *Rosato Spumante* agus *Novello*

   12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. *Rosso*, *Rosso Riserva*, *Rosato*, *Rosato Spumante* agus *Novello*

   84.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. Vin Santo

   13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. Vin Santo

   45.50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. Ansonica, Ansonica *Spumante*, Chardonnay, Sauvignon, Trebbiano, Vermentino, Vermentino *Spumante* agus Viognier

   12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

8. Ansonica, Ansonica *Spumante*, Chardonnay, Sauvignon, Trebbiano, Vermentino, Vermentino *Spumante* agus Viognier

   84.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Vermentino *Superiore*

   9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

10. Vermentino *Superiore*

    63.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

11. Alicante, Cabernet, Cabernet Sauvignon, Cabernet Franc, Canaiolo, Ciliegiolo, Merlot, Petit Verdot, Sangiovese agus Syrah

    11 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

12. Alicante, Cabernet, Cabernet Sauvignon, Cabernet Franc, Canaiolo, Ciliegiolo, Merlot, Petit Verdot, Sangiovese agus Syrah

    77.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13. Pugnitello

    9 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

14. Pugnitello

    63.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

15. Alicante *Rosato*, Ciliegiolo *Rosato*, Merlot *Rosato*, Sangiovese *Rosato* agus Syrah *Rosato*

    11 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

16. Alicante *Rosato*, Ciliegiolo *Rosato*, Merlot *Rosato*, Sangiovese *Rosato* agus Syrah *Rosato*

    77.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

17. *Passito Bianco*, Ansonica *Passito*, Chardonnay *Passito*, Sauvignon *Passito* agus Vermentino *Passito*

    11 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

18. *Passito Bianco*, Ansonica *Passito*, Chardonnay *Passito*, Sauvignon *Passito* agus Vermentino *Passito*

    44.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

19. *Passito Rosso*, Cabernet *Passito*, Cabernet Sauvignon *Passito*, Ciliegiolo *Passito*, Merlot *Passito* agus Syrah *Passito*

    11 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

20. *Passito Rosso*, Cabernet *Passito*, Cabernet Sauvignon *Passito*, Ciliegiolo *Passito*, Merlot *Passito* agus Syrah *Passito*

    44.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

21. *Vendemmia tardiva*, Ansonica *Vendemmia tardiva*, Chardonnay *Vendemmia tardiva* agus Sauvignon *Vendemmia tardiva*

    80 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

22. *Vendemmia tardiva*, Ansonica *Vendemmia tardiva*, Chardonnay *Vendemmia tardiva* agus Sauvignon *Vendemmia tardiva*

    40.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

23. Trebbiano *Vendemmia tardiva*, Vermentino *Vendemmia tardiva* agus Viognier *Vendemmia tardiva*

    80 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

24. Trebbiano *Vendemmia tardiva*, Vermentino *Vendemmia tardiva* agus Viognier *Vendemmia tardiva*

    40.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is laistigh de dhúiche Tuscany atá an limistéar táirgthe agus, go sonrach, cumhdaíonn sé cúige iomlán Grosseto.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaoire**

Alicante N. - Grenache

Ansonica B. - Inzolia

Cabernet Franc N. - Cabernet

Cabernet Sauvignon N. - Cabernet

Canaiolo Nero N. - Canaiolo

Carmenère N. - Cabernet

Chardonnay B.

Ciliegiolo N.

Malvasia Istriana B. - Malvasia

Malvasia Bianca Lunga B. - Malvoisier

Malvasia Bianca di Candia B. – Malvasia

Merlot N.

Petit Verdot N.

Pugnitello N.

Sangiovese N. – Sangioveto

Sauvignon B. - Sauvignon Blanc

Syrah N.

Trebbiano Toscano B. - Procanico

Vermentino B. - Pigato B.

Viognier B.

8. **Tuairisc ar an nasc/na naisc**

8.1. 'Maremma toscana' STFC – Fíon lena n–áirítear *Vin Santo, Vendemmia tardiva* agus *Passito*

Is cnoic agus bunchnoic go príomha atá sa limistéar, le báisteach mheasartha agus báisteach annamh samhraidh. Cuidíonn ithreacha doimhne le forbairt fréamhacha agus tá acmhainn mhaith draenála acu. Is limistéar stairiúil fíonsaothrúcháin é a théann siar go dtí na hÉatrúscaigh, a measadh, thar na céadta, a bheith an-oiriúnach don saothrú fíniúna, fíniúnacha ar treoraíodh an chuid is mó díobh ag úsáid an mhodha tródamsportha le dlús ard plandála. Úsáidtear idir chineálacha fíonchaor atá traidisiúnta don dúiche (Trebbiano Toscano, Ansonica, Vermentino, Vermentino *Superiore*, Sangiovese agus Ciliegiolo), agus chineálacha fíonchaor níos nua-aimseartha (Chardonnay, Sauvignon, Viognier, Merlot, Cabernet agus Syrah), ag táirgeadh fíonta an-sainiúil atá úr, aramatach agus dea-chothromaithe.

8.2. *'Maremma toscana' STFC - Fíon súilíneach agus Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Is cnoic agus bunchnoic go príomha atá sa limistéar, le báisteach mheasartha, báisteach annamh samhraidh, agus aeráil mhaith. Cuidíonn ithreacha doimhne le forbairt fréamhacha agus tá acmhainn mhaith draenála acu. Tá nasc ann chomh maith idir táirgeadh fíonta súilíneacha agus na siléir nádúrtha atá gearrtha as an tuf, ina bhféadfaí teochtaí optamacha a choinneáil. Bhí dlúis arda plandála ag na fíonghoirt ón gcianaimsir. Is iad na cineálacha fíonchaor sin atá traidisiúnta don dúiche na cineálacha a úsáidtear (Trebbiano Toscano, Vermentino agus Ansonica), lena gcuirtear roinnt cineálacha níos nua-aimseartha uaireanta (Chardonnay, Sauvignon), a thugann tréithe úra, beagán searbh, fíneálta agus torthaí do na fíonta.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

*Lipéadú*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Tá an comhchiallach Grenache sonraithe mar ainm malartach don chineál Alicante.

Sonraíodh an fhéidearthacht úsáid a bhaint as an téarma 'Rosé' mar leagan malartach den fhocal '*Rosato*' d'fhíonta rosé

*Limistéar fíonóireachta na dtáirgí*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál coinníll bhreise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chomh maith le cúigí Pisa, Livorno, Siena agus Florence, tá cúige Arezzo curtha leis an liosta limistéar ina bhféadfaí oibríochtaí fíonóireachta a dhéanamh le haghaidh táirgeadh fíonta atá cumhdaithe ag an STFC.

*Léiriú ar an gcineál fíonchaoire*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Cuireadh an rogha seo leis ar mhaithe le dhá chineál fíonchaoire a lua go sonrach ar an lipéad a bhfuil an dath céanna orthu agus a luaitear sa tsonraíocht táirge, agus a gcaithfear iad a liostú in ord íslitheach de réir an mhéid iarbhír fíonchaor a úsáideadh, faoi Airteagal 50(1)(a)(ii) de Rialachán (AE) 2019/33.

*Rialacha maidir le pacáistiú*

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

D'fhéadfaí úsáid a bhaint as aon choimeádán ag a bhfuil toirt ainmniúil a cheadaítear faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm, lena n–áirítear coimeádáin a dhéantar as ábhar nach gloine é a bhfuil craiceann fíona de phoileitiléin nó de phlaisteach ilsrathach poileistir orthu agus iad iata i mbosca déanta as cairtchlár nó as aon ábhar dolúbtha eile, i gcomhair toirteanna idir 2 agus 5 lítear amháin.

Ní féidir coimeádáin ar nós deimiseon nó carbách, agus coimeádáin a dhéantar as ábhar nach gloine é ar nós teireataláit phoileitiléine (PET) agus páipéar brataithe le plaisteach (Brik) a úsáid.

D'fhéadfaí aon chineál dúntóra a cheadaítear faoin reachtaíocht, cé is moite de chaipíní, a úsáid d'fhíonta i mbuidéil ghloine.

D'fhíonta ar a bhfuil na téarmaí '*Riserva*', '*Superiore*' agus '*Vigna*' agus d'fhíonta den chineál Passit, Vin Santo agus Vendemmia tardiva, ní cheadaítear aon choimeádán ach buidéil ghloine a bhfuil cruth agus cuma orthu a oireann do thogha an fhíona, a bhfuil toirt ainmniúil suas le 18 lítear acu agus ag a bhfuil dúntóir nach caipín é.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/19593

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2023/C 290/07)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 5 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias'**

**Uimh. AE: PGI-CY-02872**

**Arna chur isteach an 21.10.2022**

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Chipir

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.3. Cáiseanna

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Cáis bhán leathchrua atá idir bog agus leathchrua is ea **'**Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' agus déantar í as bainne gabhar úr teaschóireáilte, as binid (seachas binid muice ) agus as salann.

Déantar 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' a aibiú i meadhg saillte ar feadh daichead (40) lá ar a laghad ó thráth an táirgthe nó go mbíonn sé réidh le hithe. Cuirtear 'Χαλίτζια Τηλλυρίας /Halitzia Tillirias' ar an margadh i bpacáistíocht thrédhearcach, agus bíonn go leor píosaí de tumtha i meadhg saillte i ngach pacáiste. Tá na píosaí neamhrialta i gcruth agus meáchan gach píosa idir thart ar 20 g agus 80 g.

Saintréithe ceimiceacha

Saill in ábhar tirim: 43 % ar a laghad

Cion taise: nach mó ná 56 %

Salann: nach mó ná 4,5 %

Saintréithe orgánaileipteacha

Idir bog agus leathchrua atá atá uigeacht 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias', tá sí grabhógach go maith agus bíonn poill shaintréitheacha ann dar méideanna agus cruthanna éagsúla. Tá blas géar úr air agus boladh líomóide agus beagán goirt air.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn na céimeanna go léir sa táirgeadh ó sheachadadh an bhainne go haibiú na cáise sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' a phacáistiú i bpacáistíocht thrédhearcach, agus bíonn go leor píosaí de i ngach pacáiste.

Ionas go gcoinneoidh 'Χαλίτζια Τηλλυρίας /Halitzia Tillirias' a chruth neamhrialta agus a uigeacht ghrabhógach, ní mór é a phacáistiú laistigh den limistéar sainithe, toisc go bhféadfadh iompar agus pacáistiú lasmuigh den limistéar sin cur leis an riosca go n-athraítear na saintréithe sonracha sin. Cinntítear inrianaitheacht níos fearr freisin ach an pacáistiú a dhéanamh laistigh den limistéar sainithe.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach sainithe línithe ag teorainneacha riaracháin phobail Kato Pyrgos Tillirias, Pigenia, Pachyammos, Pano Pyrgos Tillirias agus Mosfil. Tá na pobail lonnaithe in Tilliria, an Chipir.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Is iad saintréithe fisiciúla agus orgánaileipteacha an táirge na forais le hiarratas a dhéanamh ar chlárú an ainm 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' mar TGFC, agus is toradh iad den chuid is mó ar an bpróiseas táirgthe agus ar an saineolas a d'fhorbair na táirgeoirí sa limistéar sainithe. Mar gheall ar na saintréithe sonracha seo, go háirithe a chruth, tá cáil ar an táirge atá nasctha go dlúth leis an limistéar táirgthe sainithe.

Mar gheall ar chruth sainiúil na smután 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias', a ndath bán íon agus na poill neamhrialta atá ar an taobh istigh díobh, rud a chuireann cuma gharbh orthu, amhail clocha atá sleamhain de bharr caithimh ó ghníomhú uisce na farraige, tá dealramh acu leis na púróga móra bána a fhaightear le hais na farraige. Is ó na saintréithe sonracha sin a fuair an táirge a ainm agus is é an uimhir uatha den ainmfhocal a úsáidtear toisc gur mó an dealramh atá ag na smutáin cáise le púróga trá agus iad pacáilte le chéile.

Le chéile, cabhraíonn na teicnící a liostaítear thíos le saintréithe fisiciúla agus orgánaileipteacha 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' a chinneadh, saintréithe a luaitear thuas, is é sin an dath bán agus an cruth atá cosúil le púróg le poill neamhrialta, agus uigeacht atá idir bog agus leathchrua.

(a) An úsáid eisiach a bhaintear as bainne gabhar, rud a fhágann go bhfuil an cháis níos gile ná cáiseanna eile ina bhfuil cion níos airde cineálacha éagsúla bainne.

(b) Na gruthanna a ghearradh ina mbabhtaí agus ansin i bpíosaí níos lú, iad a chur i gcoimeádáin éadomhain agus iad a fhágáil le suí i meadhg saillte ar feadh 48 uair an chloig. Nuair a chuirtear na píosaí grutha sna coimeádáin, déantar dícheall a chinntiú nach bhfuil siad pacáilte rótheann, rud a d'athródh a gcruth. Tá an próiseas iomlán seo tábhachtach toisc go n-ionsúnn smutáin an ghrutha an meadhg saillte agus séideann siad amach, agus is é sin an chaoi a bhfaigheann '/Χαλίτζια Τηλλυρίας Halitzia Tillirias' a chruth púróige.

(c) Na gruthanna a aistriú go dtí 'talari' [cineál ciseáin], croitear iad go cúramach agus brúitear iad go héadrom, dá bharr sin bíonn foirmiú meicniúil poill laistigh den ghruth agus, dá réir sin sa táirge deiridh.

(d) An t-aibiú a dhéanamh i meadhg saillte, tréimhse a dtarlaíonn próisis mhicribhitheolaíocha lena linn ar cuidiú iad le cruth cruinn neamhrialta agus dromchla garbh an táirge a chinneadh, rud a chuirfeadh púróga i gcuimhne duit atá sleamhain de bharr caithimh ó uisce na farraige.

(e) Próiseas nádúrtha an phróitéilísis, próiseas atá tábhachtach maidir le cáiseanna bána a aibiú i meadhg saillte agus ar cuidiú iad le huigeacht leathchrua a thabhairt dóibh.

Bhí cur síos ar thréithe 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' i dtaighde eolaíoch a rinneadh le déanaí freisin, agus ar a chosúlacht le púróga ar an trá agus ar a nasc leis an limistéar geografach sainithe ina luaitear gur 'cáis bhioraithe bhán thraidisiúnta í Halitzia a mhonaraítear i leithinis iargúlta Tilliria in Iarthuaisceart na Cipire ó bhainne gabhar i gcainníochtaí beaga ar leibhéal na feirme' agus 'faightear ainm na cáise óna cruth a chuireann cloch bheag bhán nó púróg i gcuimhne do dhuine' (Photis Papademas et al. (2019), 'Conventional and omics approaches shed light on Halitzia cheese, a long-forgotten white-brined cheese from Cyprus', International Dairy Journal 98 p. 72-83).

An cheird a bhaineann le Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias a dhéanamh, is dócha gur daoine a tháinig mar choncairí i ndeireadh an 16ú haois a chuir ar aghaidh chuig áitritheoirí an cheantair í. Cé go raibh táirgeadh 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' teorantaa don limistéar sainithe den chuid is mó, le blianta beaga anuas tá an-tóir ar an táirge ar fud an oileáin.

Cuirtear saineolas maidir le 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' a tháirgeadh ar aghaidh ó ghlúin go chéile, agus go dtí an lá atá inniu ann déantar é a tháirgeadh i dtionscail bheaga tí nó i dtithe áitritheoirí Tilliria. Tarraingíodh an chuid airde ar Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' le déanaí sa phreas agus ar líne. Ina theannta sin, tá an t-ainm 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' ar fáil i bhfoclóirí chanúint Chipir agus i bhfoilseacháin ina gcuirtear bia na Cipire chun cinn, amhail Gastronomical Map of Cyprus [Léarscáil Ghastranómach na Cipire]. Tugann sonraí bibleagrafacha le fios gur ó mheascán de bhainne gabhar agus caorach a dhéantaí an táirge go traidisiúnta, ach le blianta beaga anuas agus go háirithe i gceantar Tilliria, tá úsáid bainne gabhar amháin tar éis teacht chun cinn mar chleachtas.

Ó 2016 i leith, tá traidisiún déanta d'fhéile Fig agus Halitzi i gceantar Tilliria, agus ag Gradaim Itheacháin na Cipire 2020 bhuaigh 'Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' táirge Cipireach na bliaina. Chomh maith leis sin, tá ' Χαλίτζια Τηλλυρίας / Halitzia Tillirias' i measc na dtáirgí ar bronnadh lipéad cáilíochta 'Taste Cyprus Delightful Journeys' air agus lipéad an 'Cyprus Breakfast' orthu, agus tá sé le feiceáil freisin ar bhiachláir bialainne na Cipire.

**Tagairt foilseacháin na sonraíochta**

http://www.moa.gov.cy/moa/da/da.nsf/All/82B33F7D83ABF5A8C225879C00346BA5?OpenDocument

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2023/C 290/08)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Meso crne slavonske svinje'**

**Uimh. AE: PDO-HR-02818 — 26.11.2021**

**STFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm nó ainmneacha [STFC nó TGFC]**

'Meso crne slavonske svinje'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

Poblacht na Cróite

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.1. Feoil úr (agus scairteach)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Feoil úr é 'Meso crne slavonske svinje' a fhaightear trí mhuca fireanna agus baineanna a mharú ó chatagóir na mbanbh agus na muc ramhraithe ar sliocht iad de chránacha agus collaigh ón bpór Muc Dhubh na Slavóine (*Fajferica*), d'aois agus de mheáchan coirp deiridh oiriúnach, a choinnítear i ndálaí sonracha tithíochta (córas dian agus leath-dhian) agus faoi chóras beathaithe oiriúnach.

Faightear 'Meso crne slavonske svinje' ó bhainbh a mharaítear ag 120-150 lá d'aois a bhfuil meáchan coirp beo iontu de 20–30 kg agus ó mhuca ramhraithe a mharaítear ag 450–730 lá a bhfuil meáchan coirp beo iontu de 100–170 kg. Meánn conablaigh mharaithe banbh 12–22 kg, meánn conablaigh muc ramhraithe 55–120 kg. Bíonn na conablaigh mharaithe (ón bpúbas chuig an gcéad veirteabra muiníl, an t-atlas) 60–80 cm ar fad le haghaidh banbh agus 90–115 cm ar fad le haghaidh muca ramhraithe. Bíonn ábhar feola trua na gconablach maraithe idir 55 % go 60 % le haghaidh banbh agus ó 35 % go 45 % le haghaidh muca ramhraithe. De réir na haoise agus na caoi a gcoinnítear na hainmhithe, bíonn cion na saille ionmhatánaí níos mó ná 5 %, rud a thugann a cuma 'mharmarach' don fheoil.

Tá fíochán sailleach 'Meso crne slavonske svinje' bán.

Ní mór go gcomhlíonfadh comhdhéanamh ceimiceach 'Meso crne slavonske svinje' i ngach céim den táirgeadh na ceanglais a leagtar amach sa tábla thíos:

| Comhábhar | Bainbh | Muca ramhraithe suas le 120 kg | Muca ramhraithe ó 120 kg go 180 kg |
|---|---|---|---|
| Saill (%) | > 2,0 | > 4,0 | > 5,0 |
| Próitéin (%) | > 21,0 | > 23,0 | > 23,0 |
| Luaith (%) | < 1,5 | < 1,5 | < 1,5 |
| Uisce (%) | < 75,0 | < 75,0 | < 75,0 |

[1] IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

Cuirtear 'Meso crne slavonske svinje' ar an margadh mar fheoil fhuaraithe (úr) nó reoite i bhfoirm conablach iomlán, leath-chonablach, codanna de leath-chonablaigh leis an gcnámh (ceathrúna conablaigh, bunghearrthacha (cos, gualainn, bolg, slinneán, luan)) agus mar fheoil dhíchnámhaithe (de réir an phíosa nó de réir slisnithe, i mbulc nó pacáistithe). Itear 'Meso crne slavonske svinje' agus é cócaráilte.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Le linn na tréimhse lachta, faigheann na bainbh forlíonadh de mheascán beatha réamhdhéanta (amhphróitéin 20 %). Tar éis an scoite agus le linn tógála faoin aer, beathaítear iad ar mheascán de ghránaigh (arbhar Indiach, eorna, cruithneacht, triteacál) agus léagúim (pónairí soighe, piseanna machaire, lúipíní, pónairí) agus cuirtear leis forlíonadh de fharae garbh (alfalfa glas úr, meascáin seimre/féir, puimcíní, neantóga, féar tirim alfalfa). Ní mór an amhphróitéin a bheith cothrom le 16 % ar a laghad de chiondáil na mbanbh le linn tógála. Ní cheadaítear beatha ghéinmhodhnaithe a úsáid in aiste bia na mbanbh. Beathaítear na bainbh le béilí, agus ceadaítear forlíontaí vitimíní-mianraí a úsáid. Ní mór soláthar leordhóthanach uisce óil úir a bheith ar fáil do na bainbh i gcónaí.

Fad a choinnítear faoin aer iad, beathaítear na muca ramhraithe le meascán de ghránaigh (arbhar Indiach, eorna, cruithneacht, triteacál, coirce) agus léagúim (pónairí soighe, piseanna machaire, lúipíní, pónairí) agus cuirtear leis forlíonadh d'fharae garbh agus cnónna foraoise (dearcáin, cnónna capaill, cnónna feá). Ní mór an amhphróitéin a bheith cothrom le 12 % ar a laghad de chiondáil na muc ramhraithe. Ní cheadaítear beatha ghéinmhodhnaithe a úsáid in aiste bia na muc ramhraithe. Beathaítear na muca ramhraithe le béilí. Ní mór soláthar leordhóthanach uisce óil úir a bheith ar fáil do na muca ramhraithe i gcónaí.

Ní mór an bheatha uile a thugtar do na hainmhithe a bheith de thionscnamh an limistéir a shainítear i bpointe 4. Mar eisceacht, i gcás tubaistí nádúrtha a choisceann táirgeadh beatha sa limistéar sainithe, féadfar an bheatha a cheannach ó limistéir eile, nach mór don úinéir fianaise dhoiciméadach a sholáthar lena aghaidh. Mar sin féin, ní mór nach sáródh beatha ó thaobh amuigh den limistéar sainithe 50 % den ábhar tirim ar bhonn bliantúil.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a tharlú sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór go dtarlódh gach céim de tháirgeadh 'Meso crne slavonske svinje', ó bhreith agus tógáil, ramhrú agus beathú, go marú na muice, próiseáil an chonablaigh agus é a chur ar an margadh, sa limistéar geografach a shainítear i bpointe 4.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chun rialuithe éifeachtacha agus inrianaitheacht a áirithiú, ní mór go dtarlódh gach céim de tháirgeadh 'Meso crne slavonske svinje', chomh maith le pacáistiú agus lipéadú, sa limistéar geografach sainithe. Is tábhachtach go ndéanfaí an táirge a phacáistiú sa limistéar geografach sainithe, d'fhonn a áirithiú go bhfanann an fheoil úr agus go gcoimeádtar a cáilíocht agus a sláinteachas. Ar an mbealach sin, déantar féidearthacht an éillithe mhicribhitheolaíoch a laghdú an méid is mó is féidir.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Nuair a chuirtear ar an margadh é, ní mór lógó, ainm an táirgeora agus marc an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a bheith ar an táirge críochnaithe 'Meso crne slavonske svinje'. Tá cruth peinteagáin neamhrialta ar lógó an táirge, agus bonn cearnógach a bhfuil a aghaidh suas agus barr triantánach lena aghaidh síos air. Dath dúdhearg atá ar an bpeinteagán agus imeall órga air. Tá íomhá stílithe de mhuc dubh i lár an pheinteagáin. Os cionn na muice duibhe stílithe tá téacs ar a bhfuil ainm an táirge 'Meso crne slavonske svinje', scríofa i ndath órbhuí i gcló Papyrus. Faoi bhun na muice duibhe stílithe tá trí réalta órga stílithe.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Táirgtear 'Meso crne slavonske svinje' i limistéar na Cróite ilchríochaí, atá déanta suas de 13 chontae agus Cathair Shágraib. Táirgtear 'Meso crne slavonske svinje' go heisiach laistigh de theorainneacha riaracháin na mbailte agus na mbardas sna contaetha seo a leanas: Vukovar-Syrmia, Osijek-Baranja, Slavonski Brod-Posavina, Požega-Slavonia, Virovitica-Podravina, Bjelovar-Bilogora, Koprivnica-Križevci, Međimurje, Varaždin, Krapina-Zagorje, Ságrab, Sisak Moslavina, agus Karlovac. Póraítear muca go traidisiúnta sa limistéar sin, agus bíonn an modh traidisiúnta um phórú na muc nach mór comhionann i ngach cuid den limistéar sainithe, mar thoradh ar a chuid saintréithe sonracha geografacha agus aeráide. Mar theorainneacha le limistéar táirgthe 'Meso crne slavonske svinje' go príomha tá teorainn stáit na Cróite leis an Ungáir ó thuaidh, an tSeirbia ar an taobh thoir, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ó dheas agus thoir ó dheas, áit a síneann an teorainn taobh le hAibhneacha Sava agus Una. Cruthaítear limistéar táirgthe 'Meso crne slavonske svinje' siar ó dheas ag an teorainn idir Contae Karlovac agus contaetha Lika-Senj, Primorje-Gorski Kotar agus Zadar.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá cosaint an táirge 'Meso crne slavonske svinje' bunaithe ar cháilíocht shonrach na feola a eascraíonn as an mbonn géiniteach, an bealach a gcoinnítear agus a gcothaítear na muca, agus aois na muc tráth a maraithe.

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Tá éagsúlacht shuntasach topagrafaíochta le feiceáil sa limistéar geografach ina dtáirgtear 'Meso crne slavonske svinje'. Tá sé sainiúil mar gheall ar limistéar ísealchríche ar an taobh thoir agus limistéar sléibhtiúil ar an taobh thiar agus ar an taobh thiar theas a cruthaíodh de bharr oraigineas Heircíneach. Foirmíodh an chuid eile den tírdhreach go príomha le próisis srutha (aibhneacha sreafa) agus aeólacha (gaoth) a raibh carnadh (deascadh) agus creimeadh (síonchaitheamh) ina dtoradh orthu. Mar thoradh ar na próisis sin foirmíodh tuilemhánna, lúba agus lúblochanna, ach chomh maith leis sin léibhinn abhann lasmuigh de chriosanna tuile a bhí oiriúnach do lonnú daonna agus d'úsáid talmhaíocha, agus limistéar de charnadh aeólach ithreach duibhe agus ábhair mhínghráinnigh (lós) atá oiriúnach do shaothrú talmhaíochta. Mar thoradh ar na próisis sin cruthaíodh cineálacha éagsúla ithreach (ithir dhubh ina bhfuil neart húmais, ithir dhonn, ithir dhubh sheascannach, ithir ghlárach agus podsail nó ithir láiste).

Tá limistéar na Cróite ilchríochaí ina dtáirgtear 'Meso crne slavonske svinje' sainiúil mar gheall ar aeráid measartha te, bhogthais, ina mbíonn na samhraidh te agus na geimhridh réasúnta séimh. Is é an mheánteocht aeir 10,7 °C. Baineann na meánteochtaí míosúla a mbuaicphointe amach i mí Iúil (níos annaimhe i mí Lúnasa nó mí an Mheithimh), ag meán de 19,5–21,9 °C, mar a thomhaistear ag stáisiúin aimsire. Is é mí Eanáir an mhí is fuaire, agus bíonn an mheánteocht idir -1,4 agus 1,2 °C. Bíonn an mheánfhrasaíocht bhliantúil idir 700 mm (sa samhradh) agus 1 400 mm (sa gheimhreadh). Bíonn an bhogthaise choibhneasta thart ar 80 % in aghaidh na bliana ar an meán, agus bíonn easnamh bogthaise ann i míonna an earraigh agus an tsamhraidh agus bíonn míonna an gheimhridh bogthais den chuid is mó, agus is annamh a bhíonn laethanta an-tirim ann agus an bhogthaise níos lú ná 30 % ar an meán. Cuireann na haibhneacha le bogthaise mhéadaithe an limistéir.

Mar thoradh freisin ar na saintréithe sonracha aeráide agus topagrafaíochta forbraíodh foraoisí fairsinge, agus iad déanta suas den chuid is mó de shailleach, feá, dair ghallda, dair ghaelach, crann sleamhain, castán agus feá (os cionn 300 m). Mar thoradh ar an talamh torthúil agus líonmhaireacht na n-aibhneacha chuir daoine fúthu san am atá thart, a ghabh don táirgeadh talmhaíochta den chuid is mó chomh maith le feirmeoireacht barr agus beostoic. Cuireadh an táirgeadh barr agus beostoic freisin in oiriúint do na dálaí aeráide agus do shaintréithe geografacha sonracha an

limistéir shainithe. Bhí tionchar suntasach ag gnéithe aeráide agus topagrafacha na Slavóine ar an bhforbairt talmhaíochta. Bhí na dálaí fabhracha aeráide do tháirgeadh gránach agus na tailte féaraigh fairsinge ar thuilemhánna abhann an-fhabhrach chun feirmeoireacht bheostoic a fhorbairt, pórú muc go háirithe. Tá athrú tagtha ar phórú muc sa tSlavóin riamh anall, ón bpórú tosaigh ar eastáit, go pórú talún, áit a dtógadh nach mór gach teaghlach faoin tuath muca chun freastal ar a gcuid riachtanas féin, go forbairt córais mhóra agraithionscail ina gcoimeádtaí muca ar fheirmeacha móra.

Ar a chuid eastát in Orlovnjak, Bezenica, Višnjevci agus Gladoš, phóraigh An Cunta Dragutin Karlo Pfeiffer de Orlovnjak roinnt speiceas d'ainmhithe tí go roghnaitheach, arbh é an ceann ba cháiliúla Muc Dhubh na Slavóine, a ainmníodh Fajferica ina dhiaidh, ainm atá air fós sa lá atá inniu ann. Toisc gur aithin sé saintréithe sonracha na haeráide agus na hithreach, ba mhian le Pfeiffer pór muice a chruthú a bheadh níos aibí, níos torthúla agus níos feolmhara ag aois níos luaithe ná na muca a bhí á bpórú an tráth sin sa tSlavóin. Bhí sé mar aidhm aige freisin pór muice a chruthú a rachadh a chuid airíonna anatamaíocha agus a chuma in oiriúint do bheith á choinneáil faoin aer, ar fhéarthailte tuilemhá. Thosaigh Muc Dhubh na Slavóine (Fajferica) ag scaipeadh ar fud na Cróite Panónaí, lena n-áirítear an limistéar timpeall ar Shágrab agus i gContae Baranja. Ghlac nach mór gach póraitheoir an modh céanna chun Muc Dhubh na Slavóine a phórú. Rinneadh na muca a phórú amuigh faoin aer, i dtréada (tréadaíocht leathfhháin), agus tar éis don phór dul in oiriúint go maith do na dálaí aeráide, ba é an pór muice ba líonmhaire sa Chróit Phanónach, suas go lár an 20ú céad (Specijalno stočarstvo, Hrasnica *et al*, 1964, lgh. 250–253).

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Tháinig pór Mhuc Dhubh na Slavóine (Fajferica) chun cinn mar thoradh ar éileamh méadaithe ar mhuiceoil. Ón tús amach, meastar go bhfuil 'Meso crne slavonske svinje' de cháilíocht níos airde ná feoil na bpórtha eile muice atá ar fáil ar an margadh. Sonraíonn Ritzoffy (M. Kurbanović, Uzgoj svinja [Pórú muc], 1943) gur cruthaíodh pór Mhuc Dhubh na Slavóine chun feoil phór Mangalica a fheabhsú, agus a chumas ramhraithe a fhorbairt freisin, agus é ag rá freisin go raibh 'níos mó feola ná Mangalica ag Muc Dhubh na Slavóine. Tá difríocht 5–10 % i gcion na feola. Tá feoil Mhuc Dhubh na Slavóine den cháilíocht is airde.' I bhfoilseachán ó 1950 maidir le cáilíocht leath-chonablach agus fheoil Mhuc Dhubh na Slavóine, sonraíonn S. Pribičević maidir leis an bpór: 'aibíonn sé go luath, tá sé torthúil go maith, oiriúnach do ramhrú, baineann sé úsáid mhaith as beatha, faightear feoil mhaith as agus bíonn cóimheas fabhrach feoil-saill i gceist leis, baineann sé úsáid mhaith as an bhféarach agus tá sé oiriúnaithe go maith dár ndálaí tithíochta agus beathaithe'. I bhfoilseachán dar teideal 'Klaoničke vrijednosti kod tovljenika različitih pasmina svinja' [Luachanna maraithe i measc muca ramhraithe ó phóir dhifriúla], sonraíonn Ilančić agus Adilović gurb ionann meánchion na feola trua i gconablaigh mhuca ramhraithe Dubha na Slavóine agus nach mór 39 %, a bhí 8 % níos airde i gcomparáid le Mangalica.

Ceann de na príomhairíonna de cháilíocht na muiceola a mbíonn tionchar suntasach aige ar bhlas agus ar dhea-bholadh é an cion saille ionmhatánaí, nach sáraíonn 2 % sa lá atá inniu ann le haghaidh an chuid is mó de phóir tráchtála muice agus de hibridí. As na catagóirí uile tá 'Meso crne slavonske svinje' uathúil mar gheall ar an gcion níos airde de shaill ionmhatánach sa mhatán droma i gcomparáid le póir, cineálacha agus hibridí muice tráchtála. De réir na haoise agus na caoi a gcoinnítear na hainmhithe, bíonn cion na saille ionmhatánaí i Muc Dhubh na Slavóine (Fajferica) níos mó ná 5 %, rud a thugann a cuma 'mharmarach' don fheoil. Déanann cion ard na saille an fheoil níos súmhaire, rud a leagann tomhaltóirí luach air go háirithe sa lá atá inniu ann. Mar gheall ar a shaoirse chun gluaiseacht timpeall agus innilt faoin aer, agus a fhás mall, atá ina chuid de rithimí nádúrtha an tsaoil, tá coimpléasc níos láidre ag Muc Dhubh na Slavóine. Mar sin féin, bíonn cainníocht níos mó d'fhíochán sailleach aige sa chonablach, sna matáin go háirithe. Is é an cion níos mó saille sna matáin is cúis le boige agus súmhaireacht shuntasach 'Meso crne slavonske svinje' nuair atá sé cócaráilte, rud a thugann raimhre choganta an-bhog dó i gcomparáid le muiceoil a fhaightear ó phóir, cineálacha agus hibridí muice tráchtála.

I suirbhé in 2017 ar roghanna tomhaltóirí maidir le muiceoil agus a dtuairim i leith tháirgí Mhuc Dhubh na Slavóine (Fajferica), fuarthas amach go raibh neart spéise i 'Meso crne slavonske svinje' a ithe. Is léiriú air sin an fíoras go mbeadh formhór na bhfreagróirí (74 %) sásta níos mó a chaitheamh ar 'Meso crne slavonske svinje' dá mbeidís cinnte gur táirgeadh é ar bhealach traidisiúnta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus an táirge*

Is fada go bhfuil an fheirmeoireacht muice ina príomhbhrainse den fheirmeoireacht bheostoic sa tSlavóin, a bhuí leis an ithir shaibhir chun gránaigh a fhás, atá mar bhonn d'aiste bia na muc.

Na gnéithe nádúrtha den limistéar – a mhánna torthúla, a thuilemhánna fairsinge abhann, a chuid limistéar cnocach agus sléibhtiúil, agus a fhlúirse foraoisí – chomh maith lena fhoirm thraidisiúnta de tháirgeadh muc agus an fíoras go gcoinnítear na muca amuigh faoin aer, tá siad fabhrach go háirithe do phórú Mhuc Dhubh na Slavóine, atá thar a bheith frithsheasmhach in aghaidh na ndálaí aeráide.

D'fhorbair an modh sonrach chun 'Meso crne slavonske svinje' a tháirgeadh ó na dálaí geografacha agus aeráide agus na próisis theicneolaíocha áirithe i dtáirgeadh muc a tháinig chun cinn mar thoradh ar eolas agus taithí na n-áitritheoirí áitiúla. Forbraíodh na próisis theicneolaíocha sin i dtáirgeadh muc trí dhul in oiriúint do na dálaí sonracha geografacha agus aeráide agus is iad siúd go príomha a chinneann sainiúlacht 'Meso crne slavonske svinje'.

Is é a bhonn géiniteach is cúis le cáilíocht 'Meso crne slavonske svinje', ach thar aon rud eile is í an chaoi a bhfuil na muca á gcoinneáil agus á mbeathú agus aois na muc tráth a maraithe is cúis léi. Is é is cúis le sár-airíonna cáilíochtúla agus teicneolaíocha 'Meso crne slavonske svinje' (dath dubh a fheola, a theinne níos mó, an cion níos airde de shaill ionmhatánach, sileadh níos ísle uisce, etc.) a bhonn géiniteach, saorghluaiseacht agus saorinnilt Mhuc Dhubh na Slavóine (Fajferica) ar na féarthailte, úsáid beatha sonraí ina aiste bia (alfalfa glas, gránaigh), agus an tréimhse ramhraithe níos faide toisc go gcuireann sé níos lú meáchain suas ar an meán go laethúil.

Tugtar dath níos dorcha don fheoil mar thoradh ar an mbealach a gcoinnítear na hainmhithe (amuigh faoin aer), toisc go mbogann siad timpeall níos mó agus tá sreabhadh fola matánaí níos mó acu. Is iarmhairt dhíreach ar na muca a choinneáil faoin aer é go neartaíonn sé a shnáithíní matáin agus go laghdaíonn sé a gcumas sú feola a scaoileadh.

Is iad an cion níos airde de shaill ionmhatánach mar thoradh ar an mbonn géiniteach, an fíoras go gcoinnítear muca amuigh faoin aer, agus a mbeatha, is cúis le súmhaireacht agus boige níos mó 'Meso crne slavonske svinje'.

Itear an mhuiceoil go traidisiúnta sa Chróit ilchríochach chun laethanta saoire, féilte creidimh agus ceiliúradh teaghlaigh a chomóradh, agus bíonn sé ag croílár an bhoird dinnéir. Tá brí shiombalach ag gabháil leis an muc: dar le muintir na háite, is siombail den ádh agus den dul chun cinn i dtreo an rathúnais é nós na muice a srón a thochailt isteach sa chré agus í a bhrú ar aghaidh. Is é sin an fáth go bhfuil an mhuiceoil rósta ina béile traidisiúnta agus fíor-luachmhar chun slán a fhágáil ag an tseanbhliain agus fáilte a chur roimh an athbhliain.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

https://poljoprivreda.gov.hr/UserDocsImages/dokumenti/hrana/proizvodi_u_postupku_zastite-zoi-zozp-zts/Specifikacija_Meso_crne_slavonske_svinje_Ispravak.pdf

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA